O'Leary, Peter
An craos-deamhan

PB
1397
A37
1905

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

An Craos-Deaṁan

An t-Athair Peadar Ua Laoghaire
do sgriob

ó'n seana sgéal
"Aislinge meic Conglinne"

Brún agus ó Nuallain, Teor.
i mBaile Átha Cliath :: i mBéal Feirste
i gCorcaig

An Craos-Deamhan

Craos

An Craos-Deamhan

an t-athair peadar ua laoghaire
do sgriob

ó'n seana sgéal
" aislinge meic conglinne "

brún agus ó nuallain, teor.
i mbaile átha cliath :: i mbéal feirste
i gcorcaig



PB
1397
A37
1905

Fógartar fad ceart ar cosnam.

An Craos-Deamhan.

Caibidil a h-Aon.

Tamall mór ó shin, tamall ana mhór ó shin, na céadta bliadhan sar ar cuir aon tSasanach cos ar talamh na h-Éireann ach cos go raibh laincis iaramh uirthi, bí rígh áluinn, óg, uasal ar an Mumhain, agus Cathal ab ainm dó, Cathal mac Finguine. Ní raibh fear i n-Éirinn ba dheaghtha 'ná é. Bí sé corardeacht agus sé troighthe ar aoirde, agus bí sé chóm cúmtha chóm chrach san gur dóigh leat, dá bpeicfeá i n'aonar é, ná raibh sé na sé troighthe ar fad. Bí sé chóm láidir sin ní raibh aon fear ar uaislibh Mumhan d'féadfadh a chlaideamh do chasadh, ná a shleagh do dheartughadh chun gnímh, ná a chuag do láimhseáil. I gcor iomrasgála ní raibh fear d'féadfadh a chosa do bhogadh ó'n talamh, agus fós, ag ruith, nó ag léimt, nó ag rinnce, bí sé chóm h-éadtrom ar a chosaibh le cú nó le fiadh. Bí sé threan i gcath, ciallmhar i gcómhairle, sultmhar i gcuideachtain. I gCaiseal Mumhan a bí a rígh-theaghlach. Bí rath agus séan ar an Mumhain agus ar Mumhneachaibh le n-a linn go dtí gur thárla mí-ádh millteach dó.

Le linn Chathail a beith 'na rígh ar an Mumhain bí rígh ar Ulltaibh, 'na chómhuighe i n-Aileach thuaidh, agus Fearghal mac Maoile Dúin ab ainm dó.

Bí mioscais agus formad roimh an dá chúige agus roimh an dá rígh, feuchaint ciacu Cathal nó Fearghal a bheadh i n' árdrígh ar Éirinn, agus bí beirt chailleach,

cailleach Ultach agus cailleach Mumhneach, a bíod coitcianta ag sérdeard fúta.

Deireadh an chailleach thuaid :—

" Fear sgriosta Mumhan,
Fear sgriosta Mumhan,
Mac Maoile Dúin,
An t-Ardrígh,
Ó Sgeilg na sgeól
Go Caiseal na slóg
Gamhain ná bó
Ní fágfaid."

Deireadh an chailleach theas, ag freagradh na caillige thuaid :—

" Fanad sé thuaid,
Fanad sé thuaid.
Tá Cathal ar chuaird
A's milte aige.
Má castar 'na threó
An fearsal, i nglea,
Go h-Aileach go deó
Ní fillfid sé."

Bí deindeán ag fearsal, ligach mgean Maoile Dúin ab ainm di, agus ní raib i n-Éirinn óig-bean eile cóm breag léi. D'airig Cathal chuairisg ar a breagchact, agus chuir sé i ngrád léi, díod ná feacaid sé riamh í. D'airig sise chuairisg ar áilneact agus ar uaisleact agus ar chéime Chathail, agus chug sí grád dó, díod a's ná feacaid sí riamh é. Bí an sgéal mar sin eatarta, agus gach duine a téideadh ó'n Mumhain ó-thuaid go h-Aileach díod an óig-bean ag daint cainte

asta go dtí go bfaghadh sí uaca eólus cruinn ar conus a bíodh Cathal 'na saoghal agus 'na slámhte, agus ar conus féachadh sé. An an gcuma gcéadna, nuair a thagadh duine a-dtuaidh ó Chúig Uladh go Caiseal Mumhan, bíodh ríg Caisil ag bamht caimhte as go dtí go bfaghadh sé cúntas cruinn ar conus a bíodh an óig-bean álumn agus ar conus féachadh sí.

Da gcarr gur tosnuig an óig-bean ar beit ag cur eichne agus uball, agus sóghluisti eile de'n tsóird san, ó Aileach a-dtuaidh go Caiseal, ag triall ar Chathal, ag taisbeáint méid an ghrádh a bí aici dó. Nior b'fhada gur airig fearghal go raib na sóghluisti ag dul ó-dheas. Nior thaithm san leis i n-aon chor. Chuir sé fios ar a deirbhsiúr chun labhartha léi.

"An fíor an níd seo airigim," ar seisean, "ad' thaobh-sa agus i dtaobh ríg Caisil?"

Nior labair sí.

"Bíodh do rogha de dá níd agat, a ríoghan," ar seisean. "Inis an fírinne dom agus bíodh mo beannacht ort, nó séan an fírinne orm agus bíodh mo mhallacht ort!"

Thámig sghannradh uirthi sar a dtuitfeadh mallacht an ríg uirthi, agus d'inis sí an fírinne dó.

"Cathain a bérd teachtaireacht eile agat 'á chur go Caiseal?" ar seisean.

D'inis sí dó.

"Cuir chugham-sa anso ar dtúis," ar seisean, "na neithe a bérd agat le cur ó-dheas."

Chuig sí chuige na h-ubla agus na h-eichne agus na sóghluisti eile a bí aici le cur ó-dheas ag triall ar Chathal.

"Fág ansan iad," ar seisean.

D'fág.

Cuir sé fios ar fear piseóg. Táinig an fear.

"Seo," ar seisean leis an bfear, "imir do cuid deismireacta orta san i dtreó, an t-é iospairt iad, ná béid aon lá d'á slainte aige an cuid eile d'á saoghal."

"Is olc é sin," arsa'n fear "Nior mhait liom rud de'n tsórd san a déanamh ar aoinne."

"Tabharfad-sa do chuarastal go maith duit as," arsa fearghal.

Do dein an fear an rud a h-iarad air.

Do ghlaoid fearghal cuige teachtaire agus dúbairt sé leis na h-ubla agus na sóghluisti eile do dhreit leis ó-dheas go Caiseal Mumhan agus iad a thabairt do Cathal le n-ithe. "Agus," ar seisean, "abair gur ó Ligaig féin a thánadar, agus gur le méro a ghrád agus a h-ionmaine do Cathal a chuir sí cuige ó-dheas iad, agus gur mór an sásamh aigne uirthi dá mbéad sé le ráid agat go bfeacaid do dá súil féin Cathal mac Finguine ag ithe na n-ubhall san."

D'imthig an teachtaire agus do thóg sé leis na h-ubla agus na h-eithne agus na sóghluisti eile, agus táinig sé go Caiseal. Da gcarr go bfuair sé caoi ar chaint le Cathal. D'inis sé a sgéal dó, agus thaisbeáin sé na h-ubla agus na sóghluisti dó. D'inis sé dó cad é an ghrád di ag Ligaig dó, agus cad é an t-átas a dhéad uirthi nuair a 'neósfai di gur thaithin na h-ubla agus na misleáin eile le Cathal. "Agus dúbairt sí liom, a rig," ar seisean, "gan imteacht, dá mb'féidir é, go dtí go bfeicfead mo dá súil féin tú 'gá n-ithe."

"Ni ró mór an rigneas a chuirfid san ort, a mhic ó," arsa Cathal, ag cromad ar na h-ublaib a d'ithe."

Chóm luath agus di na h-ubla ithte ag Cathal chuir an teachtaire a dhótar dé chóm tiug i n-Éirinn agus d'féad sé é.

Nuair a chuaidh na h-ubla agus na h-eitne isteach i ngoile Chatail is amlaidh a dhéin piastai dhiobh istigh 'na chorp, agus deamhain ó ifrean ab eadh na piastai sin. Bi deamhan mór orra, agus do sloigh sé sin an chuid eile. Ansan do sloigh sé a raibh de bhiadh agus de dhigh i mbolg Chatail. Thainig tart agus ocras láithreach ar Chatal. Chrom sé ar ithe agus ar ól, ach ni thainfeadh ithe ná ól an tart ná an t-ocras dé.

Sin mar a tárla an lon craois, 'sé sin an Craos-Deamhan, a beith i mbolg Chatail mhic Finguine, ríg Caisil

Caibidil a dó.

Nuair a táinig an t-ocras ar Cathal b'é b'fhada leis go raib amsir dinnéir ann go n-iosfadh sé a dóithin. Táinig an dinnéir fé deire. Do suig cuin búird curdeachta mór de rígtib agus d'uaislib Mumhan. Miasa uball iseadh ba ghnáth an uair sin do cur ar dtúis os cómhair na curdeachtan. Is ar éigin a bí an curdeachta suigte nuair a bí a raib d'ublaidh ar a méis fém itte ag Cathal. Do rug sé ar an méis a bí os cómhair an fir a bí ar a láimh deis, agus d'ith sé a raib d'ublaidh uirri. Ansan do rug sé ar an méis a bí os cómhair an fir a bí ar a láimh clé, agus d'ith sé a raib uirri. Ansan do dírig sé ar na miasa a tarang cuige ó-s gach aon taob de'n bórd, agus ar na h-ubla a bí orra d'ithe le h-airc agus le h-ampla. Bí iongnadh agus allteacht ar an gcurdeachtain, ach níor leig aomne aon nid air. Do sgaoileadar cuige na miasa cóm tiug agus d'fédd sé iad d'folamhugadh. Da géarr gur tosnuig na biadha eile ar teacht. An t-éirleach céadna a dein Cathal ar na h-ublaidh dein sé ar na biadaibh eile é, i dtreó go raib sgannradh ag teacht ar a raib láithreach le h-eagla go sgoilfeadh air. Ni raib aon phioc d'á deadhram air, áthtach. D'á méro a bí curtha isteach 'na corp aige bí sé cóm seang agus dá mbéadh sé dá lá ar dub-céalacan. Sar a raib an dinnéar leat chriochnuigte b'éigean tuille bid d'ollamhugadh. Nuair a bí a raib de biadh sa rig-teaglach ollamhuigte agus curtha ar an mbórd agus itte, bí ocras fós ar Cathal, agus bí ocras a mhóithin ar an gcurdeachtain,

mar nior leig Cathal leó ac fior beagán de'n diabh. Ac pé ocras a bí orta, nuair a bí an diabh go léir itte b'éigean dóib stad.

D'é an cleas céadna é i dtaob an fiona, agus an leanna, agus i dtaob gach aon tsaghas eile díghe d'ár táinig ar an mbórd. Is ar éigin a leig Cathal diúir i mbéal aoinne. An fad a bíodh corn aige d'á dhúghadh a' láimh leis, bíodh an lámh eile sínte amach aige ag gabháil ghreama ar chorn eile, agus ba chuma leis cé uaidh go mbíodh an corn aige d'á thógaint. Ceap an churdeachta go mbéadh sé ar meisge laidhreach, agus ansan go mb'féidir go bhfaighfeadh féin caoi ar bhraoinín éigin d'ól, ach ba shuarach an tairbe dóib beith ag brath ar aon nídh d'á shórd. Bí Cathal ag ól agus ag ól agus ní raibh aon dlúire meisge ag teacht air ach chóm beag agus dá mba ag sloghadh meadhg a bhéadh sé!

Nior b'fada go raibh deire leis an mhaighdean mar a bí deire leis an mbiadh, agus ní raibh an tart bainte de Chathal ach chóm beag agus bí an t-ocras bainte dhe, agus i dtaob na curdeachtan, má bí ocras tar éis athluighte riamh ar dhaoine bí sé orta.

Bí rud ba mheasa orta 'ná ocras tar éis athluighte. Bí buairt agus bhrón a mhóidhm orta. Bí drochnídh éigin uathbhásach tagaithe ar an ríghe, agus cad a dhéanfaidís? Cé bhéadh 'na cheann uraidh i gcómhairle orta feasdha? Cé dhéanfadh córughadh orta chun catha nuair a thiocfadh an namhaid? Ní ró fada, dar leó, a bhéadh namhaid gan teacht nuair a h-aimhdheóghfaí ar furd na h-Éireann go raibh ríghe Caisil sa chás 'na raibh sé. Chuadar i gcómhairle feuchaint cad ba cheart a dhéanamh. D'í sin an chómhairle chuarda. D'í sin an chómhairle gan eólus. Ní féidir aoinne cad ba cheart a dhéanamh, mar ní raibh 'fhios ag aoinne cad ba dhun leis

an olc uaċḋásaċ. Ċánadar as an gcómhainle cóm dalá agus díodar ag dul inte dóib. D'imtiġ gaċ flaiṫ abaile cun a teaġlaiġ féin cun é féin a cur i dtreó cosanta cóm luaṫ agus dob' féidir é, agus cóm maiṫ agus dob' féidir é, mar, dar leó go léir, déaḋ Feargal mac Maoile Dúin cuca a-dtuaiḋ cóm luaṫ agus d'aiseóċaḋ sé Caṫal a dheiṫ an mi-ṫreóir.

Bí dá dearmaḋ sa méid sin orṫa,ámṫaċ. Ní raiḃ aon aṫbm ag Feargal an teaċt a-dtuaiḋ, mar bí 'fios aige caḋ a bí imtiġte an Ċaṫal, agus búdaiṙt sé leis féin d'á faiḋ a sgaoilfí leis féin agus leis na Muṁneaċaiḃ sa ċás 'na raḃadar gur b'eaḋ b'usa an láṁ uaċtair fáġail orṫa sa deire. D'á éagmuis sin, ní raiḃ Caṫal ar mi-ṫreóir i n-aon ċor. Ní raiḃ aon easḃa sláṁte air. Bí a ċroíḋe agus a aigne agus a inṫinn cóm láidir, cóm h-aiḃiġ agus díodar riaṁ. Ní raiḃ aon ruḋ air aċ an tart agus an t-ocras, an t-ampla mi-náduṙta cun biḋ agus cun deiġe. Dá mbéaḋ sé de dít céille ar Feargal agus an na h-Ulltaiġ teaċt a-dtuaiḋ is amlaiḋ a ṫiocfaḋfaiḋ agus ná h-imteóċaḋfaiḋ. Ġeaḃaḋfaiḋ amaċ, nuair a béaḋ sé nó déanaċ acu, go raiḃ Caṫal cóm h-oilte an coġaḋ, cóm dian i gcaṫ, cóm contaḃaṙtaċ de teanġaḃálaiḋe agus bí sé riaṁ.

Da ġeaṙṙ gur ṫuiġ maiṫe na Muṁan an sgéal. Níor b'faḋa gur ṫuġ Caṫal le tuisgint dóib náṙ ġáḋ dóib aon eaġla deiṫ orṫa roiṁ aon naṁaiḋ. Cuir san suaiṁneas aigne orṫa, aċ má ċuir, bí ruḋ eile cun an tsuaiṁnis aigne baiṁt díob. Bí an t-am ag teaċt 'nar ġnáṫ le Caṫal dul ar a ċuaiḋ riġ, mór-ċimpal na Muṁan. Do stadaḋ sé féin agus a ġnáṫ teaġlaċ seaċtṁaiṁ nó coicciġeas i dtiġ gaċ flaṫa agus do caiṫṫi é féin agus a ċualaċt do ċoṫuġaḋ. Ansan

iseadh táinig an cruadh-cás. Cá bfaighfí a dhoitin bhí agus bíse dó! Do creadfaí iad. Ní fásfadh sé bliúire bhí ná bhraon bíse sa Mumham gan sloghadh isteach 'na corp!

Do shuais Cathal cun dul ar a chuairt mór-timpal na Mumhan. Do h-ollamhuighead oiread bhí agus bíse sa chéad teaghlach i n-a dtáinig sé agus gur dhóigh le h-aonne go bhfághfadh sé fuighleach. Nior fág. Do cuireadh na h-ubla ar na miasaibh os a chómhair féin agus os cómhair a chualacha, ar dtúis, mar ba ghnách. D'ith sé na h-ubla agus is nó beag an fághaltas díobh a fuair an chualacht. Táinig na biadha eile, agus má táinig, ba ghearr an mhoill air iad d'ionughadh. Táinig an fion agus an lionn, ach má táinig, ba ghearr an mhoill an Chathal na h-árthaí d'fholamhughadh, agus ní raibh aon rian meisge air. Ní dhaoghal go raibh aon rian meisge ar aonne de'n chuideachtain, mar ní bhfuaradar an chúis. D'fág Cathal sgórnaighe cinnte acu, munar mhaith leó iad a fliuchadh le fion uisge. D'fág sé ochras orcha chómh maith le cart, mar bí a raibh de biadh ann itte aige san a raibh dá ghreim itte ag aonne eile. Bí náire agus ceann-fé ar ceann an nigh-teaghlaigh, ach ní raibh aon leighes air. Nior ghádh dó ceann-fé beith air, mar do chuig gach aonne go raibh sé tar éis a dhícil a dhéanamh agus nár b'féidir dó a chuille dhéanamh. Nuair a bí an tseachtmain caithte bí an fear san agus a chriúcha-céad beó boicc. Shuais Cathal agus a chualacht go dtí an chriúcha-céad da ghionna dó. Do dúbail flaith na h-áite sin an biadh agus an fion agus an lionn. Má dúbail ní raibh aon mhaith dó ann. Do sgriosadh é féin agus a chriúcha-céad chómh glan dineach agus do sgriosadh an chéad fear agus a chriúcha-céad. Mar sin dóibh mór-timpal go dtí go

raib a cuairt tabarta ag an rig. Tuigeadar 'na n-aigne gur measa dóib go mór cuca an cuairt sin 'ná dá dtagad Fearghal mac Maoile Dúin agus a sloigte ultach a-dtuaid, mar a deineadh an caitleach, agus gan bó ná gamhain d'fágail, ó Sgeilig Mhicil go Caiseal, gan breit leis ó-tuaid.

Do lean an sgéal ar an gcuma san acu go dtí go raib bliadain go leit curtha díob acu, agus go rabadar i ndeire a gcoda agus i ndeire an anama, agus gan aon tsúil le fuasgailt acu, mar, i n-inead aon maolughad dul ar foile Catail is amlaid a bí breis airc agus ampla ag teacht air i n-agaid an lae. D'fusaide é, dar leó, dá mbéad aon pioc de rian an bíd air, ac ni raib. Bí sé com lom, com tanaide, com h-ocrach 'na dhiuc agus dá mbéad sé ceangailte ó'n mbiad. Díod a gcroide bruite nuair ná féadaidis a dóicim a cadairt dó, agus nuair a cídis é, tar éis a mbíod an tsaoghal acu beit itte aige, agus é ag gluaiseacht i n' aonar ar furo na mbailte feucaint cá bfagad sé bliúire arán nó piosa feóla. D'imtigead sé mar sin i n' aonar go minic, nuair a díod an t-ocras dian air agus gan an biad le fágail. Díod a claideamh nocdaicte 'na láim deis aige, agus pé áit 'na dtagad sé suas le bliúire bíd d'iteád sé láithreach é, agus gan dadt dob' olc an dóic é do'n t-é ceapfad an biad coimeád uaid.

Caibidil a trí.

Do leag tuairisg an sgéil ar fud na h-Éireann go léir.

An dtúis ní raib ac iongnadh ar mumtir na Scúisi eile. Nuair a fuaradar an t-olc ag leanmhaint, ámhdac, agus nuair a tuigeadar cad é an cor a bí ar an Mumhain, agus i n-mead aon lagacar sláinte beit ar Cathal gur b'amhlaid a bí neart céad fear ann, tusnuigeadar ar eagla slacadh romhis. Bí fios acu go raib neart mí-nádúrta ann agus dá dtugadh sé agaid soin ar Laighnib, nó siar ar Connachtaib, nó ó-tuaid ar Ultaib, gur ró baogal nár b'féidir aon cosg a cur leis, agus go mbéanfadh sé an sgrios céadna ar an Scuid eile d'Éirinn a bí déanta aige ar an Mumhain.

Bí Fearghal mac Maoile Dúin ag cumhneamh ar neitid de'n tsóid san nuair airig sé na tuairisgí uathbásaca ó'n Mumhain. Bí 'fios aige cad a bí déanta aige féin. Bí 'fios aige gur b'é an feall a dém sé féin ar Cathal fé mbeara do'n mac mallachtain beit istig i gcorp Cathail, agus gur b'é an mac mallachtain a bí ag tabairt an nirt go léir dó sa n-am gcéadna go raib sé ag cur an ocrais go léir ain. An fad a bí an léir-sgrios d'á déanamh ar an Mumhain bí an sgéal go maic, ac conus béadh an sgéal ag fearghal agus ag Cúig' Ulad dá dtugadh Cathal agaid ó-tuaid um an dtaca 'na mbéadh a raib de biadh sa Mumhain foigde aige! Bí an macthnam san ag daimt coulad na h-oidhce de rig Ulad.

Ni deirtear gur labair aomne de'n beirt caillead nuair a bí an sgéal ar an gcuma san. Is dócha go raib a malairt de cúram orca; go raib an sgannradh orca

fé mar a bí ar gach aoinne eile. Ní lúga 'ná mar a deirtear aon focal i dtaob Liagaige, ingean Maoile Dúin. Ní deirtear gur chuir sí a cuille uball ó-deas go Caiseal, ná a cuille eitne, ná a cuille d'aon tsagas eile misleán. Is dóca nuair airig sí na cuairisgí uachdásaca ó'n Mumhain go dtáinig sgannradh uirri, direach mar a táinig ar a driochair, agus gur múch an sgannradh an gnáth a bí aici do Chaeal. Ní feadar conus a bíon an sgéal ag mnaoi nuair a geibean sí amach goile uachdásach a beit ag an bfear gur cuig sí gnáth dó, ach tá 'fios agam conus a bíon an sgéal uaireanta ag an bfear nuair a geibean sé amach, tar éis pósta dó, goile na mná beit níos mó go mór 'ná mar a meas sé. Ní bíon gach aon fear mar sin, áfhach.

Nuair a bí an sgéal ar an gcuma san ag muintir na h-Éirean agus ag Caeal mac Finguine, an Mumhain sgriosta aige agus na trí cúige eile ag cur an anama amach le sgannradh, bí, mid nár b'iongnadh, an uile duine go raib eólas aige ar leigseanaib ná ar luibneacaib ag déanam a dícil feucaint an bféadfad sé cumhneam ar luid nó ar leigeas a déanfad aon maiteas do Chaeal. Bí 'fios acu go léir, an t-é go driocfad leis an deamhan a dibirt a' corp an ríg go mbéad saoghal sámh aige féin an fad a mhairfead sé, agus go mbéad saoghal sámh agá sliocht 'na diaig. Ach níor féad aoinne acu cuimneam ar aon nid a déanfad aon tairbe. Do cuimnigead ar a lán leigseana agus do trialad iad ó am go h-am, ach níor déineadar dlúire tairbe. Do sloigead an Craos-Deamhan iad cóm luat agus do sloigead Caeal iad, i dtreó ná bíod sé d'uaim acu aon tairbe déanam dó.

Táinig lucht leigeas áirigte. Tugadar leó leigeas mait lárdir, leigeas a déanfad an ríg do saoradh ó'n

noroċ nío a bí isteiġ ann, beó nó marḃ. Nuair ṡeaḋ bí sa leiġeas san, aċ nior leiġ na liaġa orra ġur b'eaḋ. Ba ċuma leó aċ ġo mbéaḋ Cathal ar ṫaoḃ éiġm. Déanpaḋ a bás féin fuasġailt. Ní mór 'ná ġur ċuma le h-aomne eile aċ ċóir beaġ leis na liaġaiḃ conus iompóċaḋ an leiġeas láiṫir amaċ aċ ġo dtiocpaḋ an fuasġailt. Aċ bí dearmaḋ orra ġo léir. Do ṡloiġ an deamhan an leiġeas láiṫir sar a raiḃ uaim aiġe ar aon díoḃáil a déanam. Ċuir a luġ ar a laġ ag na liaġaiḃ nuair a fuaradar ná déanpaḋ nuair féin maiṫeas ná díoḃáil.

Ċuir Feanġal mac Maoile Dúin fios airis ar fear na bpiseóg.

"Déinis feall orm," ar seisean leis an bfear.

"Nior ḃéineas feall ort, a ríġ," arsa 'n fear, "aċ ḃéineas feall ar ríġ Caisil, agus isé ríġ Ulaḋ ċuir suas mé ċuige."

"Déin an t-olc do leiġeas," arsa ríġ Ulaḋ, "agus ġeaḃair úḃailt tuarasḃail as."

"D'féadfá-sa, a ríġ," arsa 'n fear, "an ceann a ḃaint de ḋuine, aċ ní féadfá an ceann a ċur air airis agus é tóġaint ó'n mbás."

"Conus a ḃaineann san leis an sġéal?" arsa'n ríġ.

"D'féadas-sa an deamhan do ċur isteaċ i ġcorp Cathail," arsa 'n fear, "aċ ní féadfainn an deamhan do ċur amaċ airis as, aċ ċóir beaġ agus d'féadfaḋ ríġ Ulaḋ an ceann a ċur ar ḋuine airis agus é tóġaint ó'n mbás."

"Is air an sġéal é sin," arsa 'n ríġ, "a ḃeiṫ ar do ċumas é ċur isteaċ, agus ġan a ḃeiṫ ar do ċumas é ċur amaċ."

"Bí toil an deamhain agus toil Cathail ag caḃruġaḋ

liom cun an deamhain a cur isteach. Déadh toil an deamhain agus toil Chatail i n-aonfeacht am coinnibh i n-aon iaracht a tabarfainn ar an ndeamhan do cur amach. Ni feidir an deamhan do cur amach ach le cómhacht a déadh nios treise 'ná an deamhan féin."

"Is ait an caint a déinean tú," arsa 'n righ. "Gan amhras bí toil an deamhain ag cabhrughadh leat cun an deamhain a cur isteach, ach conus féadfadh toil Chatail beit ag cabhrughadh leat sa gnó?"

"Bi toil Chatail claon," arsa'n fear, "nuair ic sé na h-ubla agus na h-eitne. Mura mbéadh go raibh ni féadfadh an deamhan dul isteach, pé deismireacht a déadh déanta agam-sa ar na h-ublaibh."

"Agus dar ndóic tá 'fios ag an saoghal ná béadh toil Chatail ad' coinnibh anois dá mbéadh iaracht agat 'á déanamh ar é leigeas ó'n olc atá air," arsa 'n righ.

"Ná feicean an saoghal mór, a righ," arsa'n fear, "go bfuil toil Chatail coitcianta ar aon intinn le toil an deamhain atá istigh ann? Nach imi an Mumhain go léir sgrioscta aige a d'iaradh an deamhain atá istigh ann do sásamh! Is cuma leis cad a déanfadh a rígeacht; is cuma leis cad a déanfadh a cáirde: is cuma leis cad a déanfadh aon nidh ar neamh ná ar talamh, ach go dtiocfadh leis an deamhan atá istigh ann do sásamh. Deamhan craois iseadh atá istigh i gCatal. Is le craos a leig sé an deamhan san isteach, le n-a toil thacánta féin. Is 'mhó deamhan nach deamhan craois a bion istigh i nduine. Bion deamhan feirg istigh i nduine. Bion deamhan uabair istigh i nduine. Bion deamhan drúise istigh i nduine. Bion deamhan éada istigh i nduine. Bion, a righ, agus deamhan mhoscaise istigh i nduine, agus is cuma leis an nduine cad a déanfadh aon nidh ar neamh ná ar talamh ach an deamhan a bion istigh ann do sásamh!"

"Tuigim tú," arsa 'n rí. "'A Seana Chroic Súig is cugat-sa san.' Dion, a rascail, agus deamhan piseóg agus diabladeacta istig i nduine. Is mairg go mbéad aon deigleail aige le d' leicéid. Sgrios leat féin as mo radarc le h-eagla go mbaimfinn an ceann díot agus go mb' féidir, mar a deirir, ná féadfainn é cur ar n-ais ort, pé 'cu béad do toil ag cabrugad liom cuige nó ná béad. Sgrios!"

Ni baogal ná gur sgrios sé cóm tapaid agus a bí 'n-a cosaib é breic cun siúbail.

Caibidil a ceathair.

Bí fear 'na cómhuige an uair sin i Ros Comáin. Fear óg ab eadh é. Sgoláire b' eadh é. Bí éirim aigne aige agus léigean agus eólus, adhbar tar aon duine a bí i n-Éirinn le n-a linn. Mac Conglinne b'ainm dó. Do tugsi Aniér mac Conglinne ain, nó An-éna mac Conglinne. Deir an seana leabar gur b'é cúis An-éna a tabairt air mar go mbíodh a leitéid sin d'eagla ag daoine roime n-a teanngain ná tugaidis énadh, 'sé sin eiteacas, coídhe air. Dá moladh sé duine ní raib aonne eile beó d'féadfadh an moladh déanamh cóm maith, agus dá ndéineadh sé aoir ar duine ní tiocfadh an duine uaidh coídhe. Do leanfadh an aoir sin i mbéalaib daoine go deó. Bíodh gach aonne ag déanamh a dícil cun an focail fógantа beith aige ó Mac Conglinne agus cun dul ó n-a dhroch focal. D'á brig sin ní tugadh aonne an t-eiteacas dó.

D'ainig Mac Conglinne na tuairisgi uathásach ó'n Mumhain. Bí sé ag machtnamh orta ar feadh adhbar, agus ag cur 's ag cúiteamh i n' aigne féin feuchaint conus a tiocfadh sé ar Chéal mac Finguine do leigeas. Tar éis a machtnamh socharuig sé a aigne ar cad a déanfadh sé, ach nior tug sé aon dlúine eólais d'aonne ar cad a bí ceapaithe aige a déanamh. Pé rud a bí ceapaithe aige a déanamh nior b'fholáir dó teacht sa Mumhain, ag triall ar Chéal, cun a déanta. Is é rud a dhéin sé 'ná a leigint air go raib sé corcha de'n foghum ; ná raib aige ar sgáth a cos' foghuma ach an dealbas agus an t-ocras. agus nár b'fholáir dó gairm éigin

eile beata do tarang cuige. Di 'fios ag gach aonne an filideacht a beit tar barr aige. Ni raib iongnadh orta d'a brig sin nuair airigeadar Aniér mac Conglinne beit ag caiteamh na sgoluigeacta uaro agus é beit ceapaite ar dul le filideacht. Di gach aonne ag cur 's ag cúiteam feuchaint cá dtabharfadh sé aghaidh ar dtúis, ar a céad chuaird filideachta. Di daoine 'gá rádh go rabadh sé ó-Cuarò go h-Aileach ag triall ar rig Ulad. Di ana bárd ag fearghal mac Maoile Dúin le filid. Béadh cóir maith ar Mac Conglinne an fard a béadh sé i n-Aileach agus ni folamh a béadh sé ag imteacht dó. Di daoine 'gá rádh gur soir go Cúige Laigean a tabharfadh sé aghaidh. Di duine 'gá rádh so agus duine 'gá rádh súd, ach ni raib aon pioc d'fios aigne Mic Conglinne ag aonne acu. Di iongnadh orta go léir nuair a leig sé an sgéal amach gur ó-Deas sa Mumham a bi sé ceapaite ar dul, ó-Deas go h-Uib Eachach Mumhan, mar a raib Cathal mac Finguine, rig Mumhan, an uair sin, ar a chuaird rig. Cuir san iongnadh ar gach aonne, ach dúbairt Aniér mac Conglinne, pé áit 'na mbéadh Cathal mac Finguine go mbéadh cotrom bid agus dige ann, agus gur b'sin a raib uaro féin, a dóichim fághail le n-ice agus le n-ól, "ruo ná fuaras riamh fós i Ros Comáin," ar seisean. Nior dheineadh a cuille cur isteach air féin ná ar a ghnó.

Diol sé amach a raib aige ach raimt leabar. Ceannuig sé cúpla bulóg arain cruitheachtan agus sluisne bagúm. Cuir sé na leabair agus an méro sin lóm chuige i mála. Ansan, do réir an tseana leabair, do chum sé dó féin dá chuarán, 'sé sin dá bróig a béadh láidir buan agus sa n-am gcéadna, córach, éadtrom cun siúlóide. Deir an leabar gur déin sé iad de donnleathar seachtfillte. Ni déintear bróga de'n

tsóṁo san anois. Na daoine a bí an uair sin ann ní feadfaroís siúbal i n-aon cor ins na bróga a déinteán anois.

Nuair a bí na bróga déanta aige agus gach aon nió socair aige buail sé a mála cuige ar a thuim, tóg sé a bata maiṫ, láṁ, áiseaċ, 'na láimh deis, d'fág sé slán agus beannaċt aga oroe, agus tug sé agaṁ ó-deas an an Mumain.

Ni h-ar Uib Eaċaċ Mumhan a tug sé agaṁ an tuís, áṁtaċ, aċ ar Conċaig. Bí a cúis féin aige leis sin, mar a ċíofeaṁ ar ball.

Bí maiṁistir i gConċaig, agus is ar an maiṁistir a tug Mac Conglinne agaṁ. Da gnáċ go mbíoḋ an uair sin i n-Éirinn, i n-aice gaċ maiṁistreaċ, sóṁ tige ósta, agus bíoḋ lóistóin le fágail sa tig ósta san ag an uile duine béaḋ ag taistéal sliġe, agus cóir bíḋ agus dige orta, agus gan aon ruḋ acu le díol as. An teaċ aoigeaḋ an ainim a tugtí ar an tig ósta san. Ciallaiġean aoigeaḋ lóistóir oíḋċe.

Uaireanta bíoḋ an teaċ aoigeaḋ lán go maiṫ, agus do tugtí aire maiṫ ḋó, cun gaċ aon ruḋ a baineaḋ leis a beiṫ i dtreó, go glan agus go compóṁdaṁail agus go cluṫmar. Uaireanta eile b'féidir go mbéaḋ sé gan aoinne teaċt an treó ar feaḋ ráċa. Ansan, nió naċ iongnaḋ, do tugtí faillige ann. An oíḋċe táinig Mac Conglinne go teaċ aoigeaḋ Conċaige bí sé de ċrann agus de ċubaiṙt ar Mac Conglinne agus ar an dteaċ aoigeaḋ go raiḃ an tig gan aoinne teaċt ann ar feaḋ aḃfaḋ roiṁis sin, agus go raiḃ sé fuar, folaṁ, gan glanaḋ, gan slaċtuġaḋ, gan aon spré ċeine do lasaḋ ann, nior b'fios ċaḋ é an faṫ.

Bí tuiṫim na h-oíḋċe ann nuair a táinig Mac Conglinne ċun an tige aoigeaḋ. I n-aimsir geimriḋ

ab eadh e, agus bí an amsir go h-olc mar le h-amsir geimhreadh féin. I gcaiteamh an lae bí sé ag feartainn tamall agus ag sneachtadh tamall agus ag séideadh coitcianta, i dtreó go raib fiacala Mhic Conglinne ag déanamh ceóil an gearrguirt dó, ag bualadh ar a céile go breagh láidir, nuair a chuaidh sé isteach sa spéalán folamh tige. Bí an dorus ar dian-leathadh agus agairt an trín isteach ann, agus an gaoth ag séideadh na sop mór-cimpal an úrláir mar béadh bullabáisin acu d'á déanamh. Do stad sé agus d'feuch sé 'na cimpal. Déarfadh aoinne gur ceart ná béadh aige ach dul go dtí an mamistir agus é féin do chur i n-iúl, agus go gcuirfaí an uile saghas córach air gan puinn moille. Nior chuaidh. Ni h-é sin a bí uaidh. Bí 'fios aige féin go maith cad a bí uaidh. D'feuch sé 'na cimpal feuchaint cá raib an leabaidh. Fuair sé í. Is amlaidh a bí an méid éadaigh leaptan a bí uirthi fillte go cruaidh i n-aon ceirtlin amháin ar lár na leaptan. D'osgail sé amach iad. Ni rabadar nó tirm ná nó glan, agus ni baogal go rabadar nó ceith. Nior b'fios cad é an fath a biodar mar sin fillte ar a céile gan gaoth ná teine tabairt dóib. Socruigh sé ar an leabaidh iad chóm maith agus d'féadh sé é, agus chuaidh sé fúta sa leabaidh chun codlata. Nior thuit codladh ná suan air, nidh nár b'iongnadh. Nuair ná raib aon chodladh ag teacht air dirigh sé ar chantaireacht chóm breagh, chóm h-árd, chóm binn, chóm ceólmhar san gur téidh sé é féin go maith. Bí a guth chóm h-árd san go ndeir an seana sgéal gur airigeadh é ar furd na cathrach go léir. Bí na daome tar éis tuitim 'na gcodladh. Dúisigh an ceól breagh as a gcodladh iad. Bí an fuaim chóm láidir sin gur meas gach aoinne gur sa tig ba fiorra dó bí an chantaireacht ar siúbal. Bí iongnadh a gcroidhe orta

go léir. Ní féroir aoinne acu conus a tárla ceól cóm breag i gCorcaig.

Do h-airigeadh an cantaireacht sa mhaistir. D'airig an t-Abb an fogar breag sa tig aoigeadh. Ceap sé gur b' amhlaidh a bi an teach aoigeadh lán de mhanachaibh éigin iasachta agus go nabadar go léir ag salmaireacht, agus go mbéadh náire go deó fágalta ag maistir Corcaige muna dtreocfai 'na noiaig, agus priochlann a déanamh orra, agus cóir do chur orra mar ba cheart. Gluaiod sé ar duine d'á manachaibh. Táinig an manach.

"An dtuil aon duine iasachta sa teach aoigeadh anocht?" arsa 'n t-Abb.

"Ni'l, a Athair," arsa'n manach.

"Tá 's dó!" arsa manach eile. "Conac-sa fear ó Cianaib, an cuicim na h-oidhche, agus é ag ruith, ag gabáil fiar-threasna na páirce ó-chuaid i dtreó an tige aoigeadh."

"Is fearra duit dul agus feachaint 'na diaig," arsa 'n t-Abb. "Di sé ceart aige féin, pé duine é, teacht anso chun na maistreach i dtreó go dtagad sé nuo le n-ithe. Is dóca nár leig an leisge dó filleadh thar n-ais, agus go deimhin le firinne nior d'fuiriste dó teacht thar n-ais a leithéid d'oidhche. Measaim nach foláir nó tá nios mó 'ná aoinne amháin ann. Imtig agus feuch 'na noiaig. Déad náire fágalta go deó againn dá dtágfai aoinne sa teach aoigeadh 'na chrosgad i gcaitheamh na h-oidhche."

D'imtig an deirc agus ni nó mhór an fonn gluaiste a bi orra. Do rugadar leó rainc bíd agus siol teine. Isé biad a rugadar leó 'ná rainc mine coirce agus árthach meitg. Di crosgad ar an lá san.

Thánadar chun an tige aoigeadh. Nuair a thánadar

go dtí an doras agus nuair a conaiceadar an spéalán tighe agus é folamh, dorcha, ní leigfeadh sgannradh dóib dul isteach. Nior airigeadar aon nídh a chuirfeadh i gcéill dóib go raibh duine ná daonaidhe istigh. Díodar ag criú le h-eagla na bpúcaí. Dí Mac Conglinne istigh agus gan smios as. Measadar casadh agus ruith, ach ní féadfaidís aghaidh a thabairt ar an Abb gan tuairisg nios fearr a beith acu ar cé h-iad a bí sa teach aoigeadh. Fé deire do glac duine acu misneach agus do labair sé.

"An bfuil aoinne istigh ansan?" ar seisean idir cogar agus glaoidh, agus snaghadh 'na sgórnaigh le neart eagla.

Nuair airig Mac Conglinne an guth agus an snaghadh sgeóin ann, nior féadh sé gan sgeanradh gáire cur as.

"Tá," ar seisean, "aoinne amháin, agus ní nó maith an cóir atá aghaidh-se air, cé gur mór é búr maordeamh as búr maitheas."

"Cé 'tá ag maordeamh as a mhaitheas!" arsa 'n manach. "D'féroir ná fuil 'fios agat-sa," ar seisean, "gur col geise ar an dtig seo é cur i n-eagar d'aon fear amháin."

"Col geise!" arsa Mac Conglinne. "Is maith é sin," ar seisean. "Má déineadh col riamh ar an ngeas san do déineadh anoct é, agus is mise déin é, mar is mé déin an tig a cur i n-eagar d'aon fear amháin. D'fágadair-se orm é."

"Seo, seo!" arsa 'n manach. "Cuir uait an deis-déalaighe, agus tar anso agus caith do cuid."

"Am briathar," arsa Mac Conglinne, "ná h-eireóchad as so go mbéid 'fios agam cad tá le fágail agam. Ar thugadar solus lid?"

Dí dá sméaróid teine agus sop tuighe ag an manach. Thug sé leis ó'n maighistir iad. D'imthigh sé suas go dtí

an tinteán. Cuir sé an dá shéardóid sa n-áit 'nar cheart an teine beit, toir dá fóidín mónа ná raib ró tirm, agus cuir sé an sop tuige anuas orta, agus énom sé an iad do sérdeadh le n-a béal. I gceann tamaill do las an sop tuige.

"Seadh!" arsa 'n manach, "eirig anois agus cait do cuid bídh."

"Cad tá agat?" arsa Mac Conglinne.

"Tá min coirce mhaith agus meadhg maith, an biadh agus an t-annlann is fearr féadfadh duine d'fágail i n-aimsir chrosgarda," arsa 'n manach.

"Min coirce agus meadhg!" arsa Mac Conglinne, agus seirbhean 'n-a ghlór. "Dar fiadh, a sgológ," an seisean, "má tugann tú biadh agus annlann ain sin ní misde tú cur ag raint bídh agus annlainn!

"I gCorcaig na Mumhan
Do stadas de m' shiúbal,
Ag brath an chothugadh
Ó mhanachaibh.
Do tugadh dom cadhn,
Min coirce agus meadhg;
Da gairid dom threigid
Dá mblaisinn é.
Dein leat, a sgológ,
Dar n-ais cun do stóir,
An biadh sarobir, sógach
So tairtnean leat.
Dá mbéinn ag fágail báis
Do'n gorta ní nádaim
Go gcuirfinn aon ghráinne
Am' ballaibh dhé!
I gCorcaig tá clogha bimne;
Is ard a gceól 's is milis.

Ni mór a gcabair do'n duine
Ná béad iscis 'na goile
Ac bolamac meadg a's mine.
Corcaig an coirce tirim,
Corcaig na móna flice,
Corcaig gan teas gan teme,
Corcaig gan biad le n-ice
Ac an biad nár ic na lucaig."

Do fread an manac láitreac agus cóg sé leis an mim agus an meadg, agus siúd tar n-ais cun na mainistreac é féin agus an manac eile.

"An bfuil aomne ann?" arsa 'n t-Abb.

"Tá, duine greannmhar," arsa 'n manac.

"Nár tugadair a cuid bíd dó?" arsa 'n t-Abb, nuair a conaic sé an t-árdac mine agus an t-árdac meadg i láimh an manaig.

"Tarraigeamair dó an biad agus ní glacfad sé uainn é. Is amlaid a tug sé tarcuisne agus droc múinead dúinn. Dúbairt sé ná n-iosfad sé an biad le n-eagla go gcuirfead sé an treigid air. Bí sé ag stealladh filidheacta linn go dtí gur fágamair ansan é."

"Cad é an filidheact adúbairt sé?" arsa 'n t-Abb.

"Nion coimeádas am' ceann é, a Athair," arsa 'n manac.

"Coimeádas-sa é, a Athair," arsa 'n manac eile.

"Abair é," arsa 'n t-Abb.

Dúbairt sé an béarsa do'n Abb. Mamcín ab ainm do'n Abb.

"Ó!" arsa Mamcín, "tá náire fágalta agamn! Ni béid garsún i gCorcaig ná béid an béarsa san 'na béal amáireac aige. Ni béid de port acu ar furo na catharac ac é. Rabaid an béarsa ó béal go béal ar furo na Mumhan. Ni fios cá stadfar leis. Ni béid

d'áddar suilt ar fuid na dúithe feasda ac mé féin agus maimistir Corcaighe agus min coirce agus meadg Corcaighe! Caithfear rud éigin a déanamh a cuirfid cosg leis an suilt."

"Cad a ceapann tú déanamh, a Athair?" arsa 'n manach.

"Droch buachaill iseadh an fear a déin an dán san," arsa Maincín. "Táinig sé d'aon ghnó cun tarcuisne tabairt dúinn. Ni h-eól dom go dtuigamair aon cúis d'aoinne cun a leithéid a déanamh. Ach is léir nach biadh ná aoigheacht a bí uaid i gCorcaigh. Táinig sé gan aon ghnó eile ach cun na h-eagsailse d'aoireadh. Tá an aoin déanta aige. Imtheóchaid sé san a dtiocfaid an lá agus leathfaid sé an sgéal ar fuid na dúithe, agus múinfid sé an aoin do'n uile duine buailfid uime. Tá masla tabartha aige do'n eaglais, agus má leigtear leis béid an masla níosa measa. Tá dlig na nigheacta agus dlig na h-eagsailse bristhe i n-aonfeacht aige. Tá an chroch cuillte aige má cuil aoinne riam í."

"Ach conus a tiocfar suas leis, a Athair?" arsa 'n manach.

"Imtigid láithreach," arsa Maincín, "agus dúisigid na manaig eile agus gluaisid cun an tige aoigheadh agus gabtar é. Déinid brostúghadh le h-eagla go mbéadh sé imtighte san a bpraighi gneim air! Déinid é gabáil go damgean agus é tabairt anso gabtha am' láthair. Ansan 'neósfad-sa daoid cad is ceart a déanamh leis. Cuirfead-sa i n-iúil dó ná déintear aoinead na h-eagsailse i n-aisge. Curfar a malairt de cúram air i n-éagmuis beit ag déanamh na n-aoin. Smacht is ceart a cur ar a leithéidí i n-mead eagla beit ag daoine rómpa mar a bíon. Brostuigid, adeirim!"

Caibidil a Cúig.

Bí Mac Conglinne 'sa leabaidh sínte, sa teach aoigeadh, agus é ag cur an anama amach ag gáirdeadh. Nuair a chuimhnigeadh sé ar an sgannradh 'bí ar an mbeirt mhanach nuair a thánadar chun dorais an tighe, ní féadadh sé gan sgeartadh gáire chur as. Ansan, nuair a chuimhnigeadh sé ar an spórt a bhéadh ag óg agus criona ar an Abb nuair aireóchaidís an tán beag filidheachta, chuireadh sé sgeartadh gáire eile as. Síl sé go gcuirfaí mallacht air nó go gcuirfaí fé comneal-dáchaidh é, nó go ndéanfaí rud éigin uachdásach de'n tsóiro san leis. Sinéd 'bí uaidh, agus bí 'fios aige féin cad 'na thaobh. Ní raibh aon chomhe aige go dtabharfaí aon droch úsáid cuirp dó.

I lár an tsuilt agus an gáirdeadh dó do líon na manaigh go léir isteach sa tigh aoigeadh chuige, agus a ndóichim soluis acu. Do stad a chuid suilt. Chonaic sé ná raibh aon fuadar fóghanta fúthu. Nior labhradar focal leis. Nior théideadar ach déanamh air agus breith air, agus a dá lámh a cheangal lasthiar dhé, agus é chómhrac leó an dorus amach. Tugadar i láthair Maincin é.

"Is maith an buachaill tú!" arsa Maincin, nuair a chonaic sé é. "Ní berófeá sásta le beith ag déanamh aoinche ar dhaoine macánta nár dhéin olc ná éagcóir riamh orthu, gan teacht anso gan aon ghnó eile ach chun go ndéanfá aoin ar an eaglais. Má tá eagla ag daoine eile rómhat féin agus roimhe do chuid aoinche, cuirfar i n-iúil duit ná fuil aon eagla anso rómhat. Dá

gcuirfaí smacht i n-am, agus i gceart, ar do leithéroí ba shuimheas ar an nóiteig é. Nior cuireadh smacht ort-sa go dtí so. Cuirfar smacht anois ort. Tógfaidh lib tar n-ais é go dtí an teach aoigeadh agus bainfidh dé a cuid éadaig agus gabfaidh d'fuipeanaib géara cruadha air go dtí ná béidh órlach d'á croicean slán. Ansan beirid sios cun na h-aban é agus bídid 'gá cumadh sa n-abainn go dtí go mbéidh a boilg lán d'uisge na h-aban. D'féidir, mura gcuirfead meadg na maistreach treigid air, go gcuirfead lán a boilg d'uisge na Laoi treigid air!"

Do tógadh cun siúbail é sar a raib uaim aige an focal do labairt. Do rugadh tar n-ais cun an tige aoigeadh é, agus do sgiursáladh go maith é. Ansan do rugadh sios cun na h-aban é, agus bídeas 'gá cumadh go dtí go raib sé leath báidte. Ansan do rugadh tar n-ais é cun an tige aoigeadh agus do cuireadh isteach ann é, agus do daingnigeadh an tig air.

"'Sead!" arsa Maincin, "déineadh sé blúire filideacta anois 'gá insint cad d'imtig air. Gabaims' orm ná déanfaidh."

"Cad 'déanfar leis siúd amáineac, a Athair?" arsa duine des na manaig leis an Abb.

"Ni foláir," arsa Maincin, "maithe Concaige do chuimhniugadh amáineac, agus a insint dóib cad é an coir atá déanta aige; conus mar a táinig sé anso go Concaig gan aon gnó eile ac cun masla tabairt do maithib na cathrach, agus do thaoine na cathrach, agus do'n eaglais, agus dóm-sa; conus mar a déin sé aoir ar an mainistir agus ar an eaglais, agus ar Concaig. Má glacaid maithe Concaige mo comhairle-se ni rugfaid an cuirpeac nios saoire as 'ná é crochadh!"

Do cuireadh fógradh amach ag glaodach ar maithib na

catarac cun na cúise do chiall. Tánadar go moc an maidin. D'imis Maincín dóib cad a déin an fear iasacta. Cuadar go léir do dtí an teac aoigead. Do h-osglad an teac. Bí Mac Conglinne istig, agus gan aon dadt da suarac an druc a bí ann tar éis na h-oídce. Bailig na manaig agus uaisle Concaige isteac.

"'Sead, a rascail," arsa Maincín, "an dóic leat an mhaid a déimis é masla tadairt do'n eaglais?"

"Ní dóic liom gur nó mhaid a déin lucht na h-eagailse é, mise beit gan diad acu sa teac aoigead. Da cóm ná creacfad sé mo a dóidim le n-ide tadairt d'aon fear amháin," arsa Mac Conglinne.

"Ní ruo le n-ide a bí uait, a cuirpthig," arsa Maincín. "Bí 'fios agat go maid go raib aimsir chosgarad ann, agus nár b'féidir aon diad eile tadairt duit ac an diad a tugad duit. Bí 'fios agat go dian mhaid go mbéad do dóidim mór bíd agus dige le fágail agat cóm luat agus béad gnó an tSacaraimn agus gnó an Domhnaig déanta. Ní diad ná deoc a bí uait, ac caoi fágail ar an eaglais d'aoiread, agus ar easonóir a tadairt dóm-sa agus do maidib na cataract so Concaige. Táid maide Concaige anso anois ag éisteacht linn agus tadarfad-sa caoi dóib féin ar a tuisgint cad é an sagas tú agus cad a tug anso go Concaig tú. Seasamh-se anso amac," ar seisean leis an dtimdire, "agus abair i látair na ndaoine seo an aoir a déin an cuirpteac so dóib féin agus do'n eaglais."

Támig an timdire amac i lár an úrláir agus búdairt sé an dán. Nuair airig Mac Conglinne an dán nior féad sé gan sult a teact 'na súilib ag éisteacht leis. Nuair airig maide Concaige an dán, agus nuair a conacadar an sult i súilib an file,

cáinig uaban agus boctameact agus feang tar bárr onca.

"'Sead anois, a maice Concaige," arsa Maincin, "cad is doic lib is ceant a déanam leis an nascail seo?"

"É crocad!" ar siad, d'aon guc.

Ni raib aon comne ag Mac Conglinne le n-a leicéro sin de breit. Ceap sé go gcuirfai easgaine nó mallact nó comneal-bádad, nó rud éigin de'n tsórd san air. Sinéadh a bi uaro, agus bi a cúis féin aige leis. Ac nuair a fuair sé go rabcas ar ti é crocad, ambasa nior oir san i n-aon con dó.

"Aisge dom, a Maincin agus a maice Concaige!" ar seisean.

D'é dlig na h-aimsire sin, nuair a daorfai duine cum báis, aon rud d'iarfad sé nár b'foláir an rud san a tabairt dó, ac ná h-iarfad sé é leigint saor. Aisge a tugti ar an acainige d'iarti ar an gcuma san.

"Go leigfi t'anam leat, an ead?" arsa Maincin.

"Ni h-ead," arsa Mac Conglinne, "cé nár mistoe liom tá dtagad san as."

"Abair an aisge," arsa Maincin.

"Ni déanfad," arsa Mac Conglinne, "go dti go mbéro geallamaint fé ceangal agam go bfagad an aisge."

Do tugad an geallamaint dó, fé ceangal, agus cuaro maice Concaige i n-umrdas air go gcaicfead sé an aisge d'fágail. Mura dtugti an geallamaint dó ar an gcuma san d'féadfad Maincin é d'eiteac ar an aisge com luat agus do 'neósfad sé cad a bi uaro.

"Abair an aisge anois," arsa Maincin.

"Déanfad," arsa Mac Conglinne. "Tá raimt bíd am' mála, mála mo leadar. Tugtar cugam an mála

go n-iteadh an biadh atá ann. Ni ceart do duine dul cun báis gan lón bóthair do chaitheamh."

"Feuch!" arsa Maimcin. "Tá masla aige d'á thabairt do'n Cheirdeamh! Lón bóthair i gcóir an báis a tugan sé ar biadh comparta!"

Do tugadh an mála ag triall ar Mhac Conglinne. D'osgail sé an mála. Tóg sé amach as an mála an dá bhuidéig agus an sliasne bagúm. Dam sé smut de gach buidéig agus dam sé smut de'n bagún.

"Siné an deachmadh," ar seisean. "Da maith liom deachmadh díol. Dá mbéadh 'fios agam cé is boichte 'ná 'chéile anso do díolfainn an deachmadh leis."

Di naimhe daoine bochta ann. Do ritheadar suas agus a lámha sinte amach acu ag brath air go bfaigidís an t-arán agus an bagún.

D'feuch Mac Conglinne orthu ó duine go duine.

"Dar fiadh," ar seisean, "ach ni feicim-se aonne anso is mó gádh leis an mbiadh seo 'ná mé féin. Nior chaitheas biadh ná deoch ó thánag go Corcaig aréir. Ni bfuaras i dteach aoigheadh Chorcaige an chóir ná an friothálam is dual do'n deóraidhe. Fuaras a mhalairt, amhlaidh. Do bameadh m'éadach díom agus do gabadh d'fuipeanaib orm, agus do tumadh sa n-abainn mé go dtí go rabas leath bárdhe. Do daonadh cun mo chrochta mé agus gan coir déanta agam, agus nior tugadh cóir ná ceart dhíghe dom ó mhaithibh Chorcaige. Agus is sibh-se muintir Chorcaige! Greadadh chugaibh, a sloighsig! Deachmadh díol libh-se! A sloighsig an ochrais, ni thabharfadh-sa aon deachmadh daoibh. Pé ruo a béidh le cur am' leith ar an saoghal eile ná ná béidh, ni curfar am' leith gur díolas deachmadh libh-se, a rudaí gorta!"

Chuir sé an deachmadh 'na béal féin agus d'ith sé é.

Bí Maincín ag feuchaint air agus ag eisteacht leis, agus bí sé go crádhce agus go loisgthe, mar bí 'fhios aige go maith gur chuige féin an uile focal. Bí an ceart sa méid sin aige. Nior chuir Mac Conglinne aon tsuim ann, áfhtach. Bí 'fhios aige go raibh an aisge aige gan burdeachas dó, daingean fé urudhas. Comáin sé leis ag ithe ar a suaimhneas go dtí go raibh an dá bhuloig agus an sliasne bagáin itte aige. An fard a bí sé ag ithe bí na bachaig ag cur na súl thíd, ach nior thug sé blaise dóib.

Nuair a bí an dá bhuloig agus an bagán ittе aige, gan oireadh agus brúghar fuiolaig fághail, d'feuch sé 'na timpal. Bí burdean armtha mar lucht coimeádta air chun gan leigint dó imteacht.

"Ní béile bíd biadh gan deoch," ar seisean. "Deirtear go bruach na Laoi mé," ar seisean, "go n-ólad mo dóichin d'uisge na Laoi. Nuair ná tugtar aon deoch eile dom, isé is lúgha is gann do mhuintir Corcaighe, ó 's iad atá fial, mo dóichin d'uisge na Laoi thabairt dom. Ní gádh dóib eagla beith orcha go gcuirfeadh an adha i luigeadh. Do tugadh curo maith de'n uisge dom aréir, ach teastuigean deoch eile anois uaim."

"Tugtar a dóichin d'uisge na Laoi dó," arsa cách. "Isé a ceart é as an aisge a tugadh dó, agus ní ceart gan iomláine na h-aisge thabairt dó."

"Tá níd eile aige le fághail uaim-se ar dtúis," arsa Maincín. "Tá masla thabartha aige do'n Chreideamh agus ní foláir sailm na mallacht do léigeadh os a chionn agus é chur fé chomneal-bádad ar dtúis; ansan bíodh sé ag ól uisge na Laoi go h-oídche má's maith leis é."

Do léigeadh sailm na mallacht ar Mac Conglinne, agus do cuireadh fé chomneal-bádad é.

"Deintear cun na h-aban mé feasda," ar seisean. Táinig an luct comeadta ar gach taob dé, agus tógadar suas é, agus d'árduigeadar leó é go port na h-aban. Do leigeadar anuas ar an bport é.

"Daintear an ceangal de m' lámaib," ar seisean, "go n-ólad mo cuid oige ar mo suaimneas."

Dameadar na ceangail dé. Ni raib aon dreit aige ar imteact uata mar bi na h-airm acu agus a nóicin acu ann.

Dam Mac Conglinne an biorán a' brollac a brait. Dam sé dé an brat. Do leac sé amac an brat ar an bport, i n-aice an uisge. Ansan do sín sé é féin ar an mbrat, ar fleasg a broma. Ansan do rug sé ar an mbiorán 'na láim deis agus do cúm sé sa n-abainn an biorán. Ansan do tóg sé an biorán agus do leig sé a ceann siar agus do leac sé a béal agus do leig sé do'n braon uisge a bi ar puinnte an biorám tuitim siar 'na béal. Nuair a bi an braon san sloigite aige cuir sé an biorán sa n-uisge airis, agus tóg sé braon eile ar an gcuma gcéadna. Comáin sé leis ag ól an uisge ar an gcuma san. D'feuc an luct comeadta ar a céile.

"An fada a leanfair de'n cleas san?" arsa duine acu leis.

"Go dtí go mbéró mo dóicin ólta agam," ar seisean, agus comáin sé leis ag ól.

Do stadadar ag feucaint air ar fead tamaill eile. Fé deire do bris ar an bpotóne ag an bfear tosaig a bi onta.

"Seo, seo!" ar seisean, "cuir uait na clis. Má tá tart ort ól do deoc agus ná comeád anso go h-oiúce sinn! Ni cun deic ag imirt cleas a tugamair anso cú. Má tá tart ort ól do deoc, nó mura dtuil

tart ort eirig as an obair sin, agus béarfar tar n-ais tú."

"Táim ag ól mo chuid oíche ar an gcuma is fearr 'na réróteóchaidh an deoch liom. Is fearrde biadh nó deoch é caiteam go réró. Ach i dtaobh an uisge seo na laoi, isé mo thuairim láidir d'á réróe a h-ólcar é gur b'eadh is fearr é. D'ólas-sa féin cuid dé aréir. Nior leigeadh dom é d'ól réró, agus go deimhin ní ró mhaith a réróidh sé le m' ghoile. Déin sé breoite mé. Ní h-alaidh dom mé féin a déanamh breóite airis leis tré gan aimsir mo dóichin a ghlacadh 'gá ól."

"Téanam!" arsa'n fear tosaigh. "Aithnigmis linn tar n-ais é. Ag magadh fúinn atá sé." Agus déin sé anonn an Mac Conglinne chun beirte air.

D'feuch Mac Conglinne roir an dá súil air.

"Seachain tú féin, a duine mhacánta!" ar seisean. "Is caol an rud an dlíg. Má cuir barra méire orm, nó is duit is measa. Má fuil 'fhios agat go bfuil aisge agam ó Mhaincin, agus go bfuil maithe Concaighe t'réis dul i n-urudas an tadairt na h-aisge sin dom? Is cuid de'n aisge sin neart a beith agam an mo dóichin de'n uisge seo d'ól. Ní'l aon aimsir gearrtha amach dom chuige sin. Ní'l bac orm mo dóichin aimsire chaiteam leis. Má beirtear tar n-ais as so mé gan mo dóichin uisge beith ólta agan cuirfead mo gheardán isteach láithreach, i láthair uaisle Concaighe, nár tugadh dom an aisge t'réis iad féin do dul i n-urudas air go dtadharfaí. Cad a déid agat-sa le rád ansan? Deirim leat, a duine mhacánta, feuchaint rómhat."

"Is fearr sgaoileadh leis," arsa 'n chuid eile de'n lucht coimeádtha. "Tá an lá fada. Confar é."

Do lean an sgéal ar an gcuma san go ceann tamaill maith eile, Mac Conglinne ag ól an uisge de

barra an bionáin agus an luċt coimeádta aġ faire air.

Do labair an fear tosaiġ airís, aċ is ġo réiḋ a labair sé.

"Cad é an fáṫ is ḋóiċ leaṫ," ar Seisean, "ġo mbéiḋ do ḋóiṫin ólta aġaṫ?"

"Tá buaiḋṫe aġam oraiḃ, a ślóiġiseċ!" arsa Mac Conġlinne. "Nuair a bíos-sa sa baile is amlaiḋ a ḋ'iċinn d'aon béile amáin oiread bíḋ agus ḋéanfaiḋ mo ġnó ar feaḋ naoi lá agus naoi n-oíḋċe. An méiḋ sin bíḋ a ḋ'iċeas ó ċianaiḃ ḋéanfaiḋ sé mo ġnó anois ġo ceann naoi lá agus naoi n-oíḋċe. Fanfaiḋ anso ġo ḋtí ġo mbéiḋ an méiḋ sin aimsire caiṫṫe. Déiḋ siḃ-se conṫa ġo maiṫ um an ḋtaca san, a ślóiġiseċ."

Do ṫuit a luġ ar a laġ aġ an luċt coimeádta nuair airiġeaḋar an méiḋ sin. Ċuir an fear tosaiġ ḋuine aġ triall ar Maincín aġ innsint an sġéil sin ḋó. Nuair airiġ Maincín an sġéal ċuir sé fóġra amaċ ċun maiṫe Conċaiġe do ċruinniuġaḋ airís i gcómairle. "Luaṫċomarc" a ṫugṫar sa tseana leaḃar ar an gcómairle sin. Isé ruḃ a cáiniġ as an gcómairle 'ná so. Do cuireaḋ ceaṫaire aġ triall ar Mac Conġlinne 'gá ráḋ leis ġo raiḃ a roġa le fáġail aiġe de ḋá níḋ. É féin do ṫeaṫ, le n-a ṫoil macánta, agus é féin do ṫabairt suas ċun a ċroċṫa, nó é ḋ'fanamaint mar a raiḃ aiġe, agus luċt coimeádta aġ déanam uanuiġeaċta ar a ċéile 'gá coimeád, ġo dtí ġo bfaġaḋ sé bás leis an ocras ar port na h-aḃann.

"Is roġa a' ḋá ḋíġ é!" arsa Mac Conġlinne nuair a h-innseaḋ an sġéal ḋó. "Ní'l aon daoine eile beó i n-Éirinn aċ muinċir Conċaiġe féin do ċuimneoċ' ar a leiṫéiḋ de roġa ṫabairt do ḋuine. Aċ beirṫear ṫar n-ais mé ġo labraḋ le maiṫiḃ Conċaiġe, agus ġo

gcuireadh raimt ceisteanna cuca. D'iaras aisge. Cuaid maice Corcaige i n-uruidas air go raib an aisge le fagail agam. Ni mór dom a fios a beit agam uaca péin an mór is fiú an t-uruidas. Deirtear tar n-ais mé."

Cuir an lucht comeádta na ceangail ar a lámaib airis, agus tógadar eatarta é cun é tabairt tar n-ais. Tógadar go réid é, mar bí ácas mór orca gan a beit orca fanamhaint a tuille ar bruac na h-aban ag faire air, agus é ag ól an uisge de barra an bioráin.

Caibidil a Sé.

Do tugadh Mac Conglinne i láthair na cómhairle. Bí Maincín agus uaisle Corcaighe ar an gcómhairle.

"Ceadh cainte dom uaidh, a Maincín agus a muintir Corcaighe!" arsa Mac Conglinne.

"Ná tugtar," arsa Maincín, "aon ceadh cainte dó. Ní ceadh cainte atá uaidh ach ceadh magaidh. Táinig sé anso go Corcaigh gan aon ghnó eile ach cun magaidh a dhéanamh fúibh-se, a mhaithe Corcaighe, agus fúm-sa agus fé'n eaglais. Tá sgannradh ag teacht anois air mar tá an magadh ag teacht 'na dáiríribh chuige. Deirim libh, a mhaithe Corcaighe, d'á luighead cainte a leigfear dó dhéanamh gur b'eadh is fearr é."

"A mhaithe agus a mhór uaisle Corcaighe," arsa Mac Conglinne, "ní feadaradar cé h-é mé, ná cá dtánag. Má crochtar mé gan a leigint dom mo sgéal féin d'innsint daoibh béidh slóighe lionmhara ag teacht chugaibh anso, a-dtuaidh ó Chonacht agus ó Ulltaibh, agus is tur a béidh a fios cadh 'na chaobh uaca."

"Ceadh cainte dó! Ceadh cainte dó!" arsa cách. "Má dhéinean sé naimh magaidh féin cadh é an díobháil é? Má dhéanean sé naimh gáiri asainn is fearrde sinn é."

"Abair do chaint," arsa Maincín, "agus ná bí adhfadh léi. Tá an lá ag imteacht agus caithfear tú chrochadh sar a dtiocfaidh an oíche oraimn."

"A mhaithe agus a mhór uaisle Corcaighe," arsa Mac Conglinne, "do tugadh aisge dom ó Maincín. D'é mo cheart ó dhligidh na h-Éirean an aisge sin d'fágail sar

a gcroćfaí mé. Cuaidhdair-se, a mhaiċe Choncaiġe, i n-uruidas air go bfaġaimn an aisge sin. Da mait liom anois a fios a beit agam uaid-se féin, an mór is fiú an t-uruidas san."

"Is fiú anam duine é," arsa cáċ. "Mura mbéaid an t-uruidas san ni béidfeá-sa ag caint linn ansan anois. Béaid gad curta ar do sgruġal faidó riam inniu agus do cosa sa n-aer agat."

Do sgeart a raib láiċreaċ ar ġáirde.

"Tá go mait, a mhaiċe Choncaiġe," arsa Mac Conglinne. "B'feidir anois go bfreagrófaí an ceist eile seo dom. An mór is fiú agaid-se uisge na Laoi?"

"Da deacair a innsint," arsa cáċ. "Is fiú mórán é. Mura mbéaid uisge na Laoi béaid an sgéal go h-olc agamn go léir. Comáin leat."

Daim Mac Conglinne an biorán as a brat.

"Feuċ, a mhaiċe Choncaiġe," ar seisean, "an mór is doiċ lib-se dob' fiú an méid uisge d'féadfaimn-se cosaint as an Laoi le barra an biorain sin?"

"Nior b'fiú aon rud é," arsa cáċ. "Aċ cad cuige duit a leiċéid sin de ceist a cur?"

"Tá dearmad oraib, a mhaiċe Choncaiġe," arsa Mac Conglinne. "Dob' fiú mórán an braon uisge sin d'fanfaid ar barra an biorain sin dá dtumainn sa Laoi é."

"Tá an duine as an meadair!" arsa cáċ.

"Ni'l aon easba meadraċ orm, a mhaiċe Choncaiġe," arsa Mac Conglinne.

"An mór ab fiú é, má 'seaid?" arsa cáċ.

"Is mó dob' fiú é," arsa Mac Conglinne, "'ná aoiġeaċt na mainistreaċ. Is mó dob' fiú é 'ná meadg na mainistreaċ. Is mó dob' fiú é 'ná min coirce na mainistreaċ. Is mó dob' fiú é 'ná an aisge a cusaid

dóṁ-sa. Is mó dob' fiú é 'ná an t-uruḋas a ḋéineaḋair-se air go brasaiṁn an aisge sin, a ṁaiḋe agus a ṁór uaisle Concaiġe."

"Tá go breaġ!" arsa cáċ. "Aċ conus a taisbeánann tú san?"

"Dar liḋ-se, a ṁuinṫir Concaiġe," arsa Mac Conglinne, "dob' fiú anam duine an aisge úd a tugaḋ dom. Aċ do bameaḋ díom an aisge, i n-aiṁḋeóin búr n-uruḋais, mar ġeall ar bráon d'uisge na Laoi a tógas as an aḋainn ar barra an bioráin sin!"

Do léim an fear tosaiġ a bí ar an luċt coimeádta.

"Tuġ sé a éiteaċ, a ḋaoine uaisle!" ar seisean. "Nior bameaḋ an aisge ḋé; aċ bí sinte ar bruaċ na Laoi agus é ag ól an uisge leis an mbioráin san 'na láiṁ aige, agus púḋaire sé go branpaḋ sé ansan ar feaḋ naoi lá agus naoi n-oíḋċe, agus go gcoimeádfaḋ sé sinne ann ag faire air."

D'iompuiġ Mac Conglinne air, agus ċuir sé smuta gáire as.

"Naċ ana ḋeas an cor a ḋéṙḋ ort-sa," ar seisean, "nuair a 'neósfar an sgéal san ort ar fuṙḋ na h-Éireann!"

Do pléasg a raiḋ láiṫreaċ ar gáirḋe.

"Is cuma liom," arsa 'n fear tosaiġ go fearġaċ. "Pé cor a ḋéṙḋ orm-sa nuair a 'neósfar an sgéal ar fuṙḋ na h-Éireann béṙḋ an cor céaḋna ar ṁuinṫir Concaiġe go léir!"

"Scaḋ! scaḋ!" arsa cáċ. "Tá sé i n'oíḋċe feasḋa. Tuġtar ḋál go maṫom do'n ċime seo."

"Ní'l leaċ mo ċainte ráiḋte fós agam," arsa Mac Conglinne. "Do tugaḋ ceaḋ cainte ḋom agus sinéḋ ó'á baint díom airís é, díreaċ fé mar a bameaḋ

an aisge dìom agus maiche Corcaige i n-uruḋas agam air go bfaġainn an aisge! Cad é an saġas áite Corcaiġ seo i n-aon cor, nó cad é an saġas daoine muintir Corcaige!"

"Cad é an saġas duine tú féin?" arsa cáċ.

"Siné dìreaċ a bí agam le h-imnsint nuair a ċuireadair stop le m'ċaint," arsa Mac Conglinne.

"An amlaid ba maiṫ leat go gcroċfaí anoċt tú?" arsa cáċ.

"Má croċtar mé," arsa Mac Conglinne, "conus féadfad a imnsint cad é an saġas duine mé?"

"Ġeadfaí amaċ 'na diaiġ san é," arsa cáċ.

"'Sead," arsa Mac Conglinne. "'Tar éis a tuigtear ġaċ beart.' Is minic ġur b'fearr go dtuigfí an beart roim ré."

"Ġeadair cead cainte amáireaċ," arsa cáċ. "Bíod an oíḋċe agat ċun do sgéal do ṡocaruġaḋ mura bfuil sé socair ċeana agat."

"Agus caċain a croċfar mé?" arsa Mac Conglinne.

"Croċfar amáireaċ tú, ná bíod eagal ort," arsa Maincin.

"Aisge dom, a deaġ-duine!" arsa Mac Conglinne.

"Aililiú!" arsa Maincin, "cad í an aisge aca uait anois?"

"Ó ċánag go Corcaiġ," arsa Mac Conglinne, "ní bfuaras cóir bíḋ ná cóir leapċan ná cóir coṁlaṫa. Táim le croċaḋ amáireaċ. Do tuġaḋ aisge dom agus do baineaḋ díom airis í. Má 'sí seo an oíḋċe ḋéanaċ agam ar an saoġal so, isé is lúġa is ġann aon oíḋċe amáin compórdaċ a ṫabairt dom."

"Cad tá uait?" arsa Maincin.

"Tá," arsa Mac Conglinne, "béile na h-oíḋċe seo

de'n diaḋ agus de'n diġ is fearr sa mhaistir seo Concaiġe, agus ceaḋ codlata i leabaiḋ Maincín féin, agus i gcruṡaḋ dom fé'n éadaċ leaptan is fearr sa mhaistir."

Do liúiġ a raiḃ láitreaċ le sult agus le gáirí.

"Ġeaḋair an aisge sin! Ġeaḋair an aisge sin!" ar siad go léir d'aon-ġuṫ aċ Maincín féin. D'feuċ sé ar Mac Conglinne, agus d'feuċ sé 'na timpal ar luċt an tsuiṫ.

"Is éagsamlaċ an duine tú!" ar seisean. "Aċ bíoḋ agat. Croċfar amáireaċ tú, agus is mór an suaimneas ar an gcaṫair é!"

Do ruġaḋ Mac Conglinne isteaċ sa mhaistir, agus do tuġaḋ béile na h-oíḋce ḋó de'n diaḋ doḃ' fearr a bí sa mhaistir. Ansan do tuġaḋ a ḋóiċim fiona le n-ól ḋó de'n fion ab fearr a bí sa mhaistir. Nuair a bí a ḋóiċim iṫṫe agus ólta aige do ruġaḋ isteaċ é sa tseómra i n-a gcodlaḋ an t-Abb féin, agus do cóiriġeaḋ leaba Maincín ḋó, agus do cuireaḋ an t-éadaċ leaptan doḃ' fearr a bí sa mhaistir uiṫi ḋó. Cuaiḋ sé a codlaḋ, agus murar codail sé go maiṫ an oíḋce roim ré ní baoġal ná gur codail sé go maiṫ an oíḋce sin.

D'imiġ Maincín agus na manaiġ ċun gnóṫa an Domnaiġ do críoċnuġaḋ agus do ċur ċun taisge. Bí a lán le déanamh acu, mar bí Mac Conglinne tar éis gnóṫa an lae do ċur i n-aimréiḋ agus i ndiaiġ láma orra. Bí cluiġ acu le bualaḋ, agus bí craṫana acu le léiġeaḋ, agus cantaimn salm acu le déanamh, agus biaḋ le taḃairt do boċtaiḃ acu, agus na boiċt go díombáḋaċ ag feiċeamh leis. Bí an céaḋ gneas codalta go sámh ag Mac Conglinne sar ar féaḋ Maincín ná aoinne d'á manaċaiḃ sineaḋ ar leabaiḋ i n-aon ċor.

Agus dá mí-chádamhlac d'fédd Mamcin dul a codladó ní ró mhaith a codail sé an oídhche sin, mar bí ain luighe i leabaidh ná raib taithighe aige uirthi, agus Mac Conglinne 'n-a leabaidh féin. Ní raib leigheas air sin, ámhdc. D'éigean dó cur suas leis agus an ceann ab fearr a déanamh dé.

Caibidil a seacht.

AR maidin lae na máirneac bí maide Corcaige crumnigte go luat i n-áit na cómhairle agus iad ag cur 's ag cúiteam i dtaob Mhic Conglinne. Bí faicios agus mí-sásam aigne orta mar geall ar an bfocal úd a dúbairt sé um trátnóna an lae roimis sin, nuair a dúbairt sé dá gcurtí cun báis é gan leigint dó a sgéal d'innsint go mbéad slóigte lionmara ag teacht a-tuaid a d'iarraid a fios cad 'na taob fágail ó muintir Corcaige. Ni raib aon long ag muintir Corcaige ar an sagas san ceistiugcáin. Ni raib aon long acu ar slóigtib de'n tsóro san do teacht aniar ná a-tuaid ná aniar-a-tuaid orta.

Is amlaid mar a bí an sgéal acu, dá dtagad tuairisg cuca ó'n mainistir go raib an cime tar éis éalóid i gcaiteam na h-oíche, agus nár b'fios cá raib sé imtigte, ni béad aoinne acu ag gol 'na diaig, agus ni baogal go gcuirfidis aon tóir 'na diaig, nó dá gcuiridis ni baogal ná go nagad an tóir sa treó baill da lúga 'nar dóig leó a tiocfai suas leis. D'fearr leó go léir 'ná rud maic go mbéidis sgarta leis.

Ac nior táinig aoinne ó'n mainistir 'gá rád gur éaluig sé. Nior éaluig. Ni cuige sin a táinig sé. Dá gearr go bfeacadar é féin agus a lucht coimeádta ag bualad cuca a leit ó'n mainistir. Táinig Maincín leis, agus do suig an cómhairle. Do labair Maincín.

"A maide agus a mór uaisle Corcaige," ar seisean, "is mitid daoib cúram an cuirpthig seo tógaint dinn. Tá an cathair agus an mainistir cuncta tré n-a céile

aige. Do dhoradair-se é cun a chocta nuair a cuireadh i n-iúl dhoibh cad a bí déanta as an slíg aige. Ac táthar 'gá glacadh nó néirt, agus d'á néirde a glactar é isead is mó a déinean sé an uile dhagas toirmisg. Is fearr, mar shuaimheas air an gcathair, an dreic a tugadh air do cur i ngniomh láithreach le h-eagla go ndéanfadh sé cuille toirmisg, agus go mb'féidir go mbéadh an toirmeasg nua níos measa 'ná an toirmeasg atá déanta cheana aige."

Do stad sé. Nior labair aoinne. Do phread Mac Conglinne féin 'na suige.

"A Mhaincín, agus a mhuintir Corcaige," ar seisean, "tugtar cáirde dom gan mé chocadh go n-innsead dhoibh aisling iongantach a taisbeánadh dom aréir agus mé am' chodladh i leabaidh Maincín."

"Ni tabharfar aon cáirde duit, a rascail," arsa Maincín. "Tá cáirde do dóitim fágalta cheana agat," ar seisean, "agus ni maith ná tairbe atá bainte agat as an gcáirde ac díobáil agus toirmeasg agus cur thé céile."

"Cáirde dó! go n-innsidh sé an aisling," arsa cách uile. "Nuair a déirid an aisling innste aige tugadh Maincín a rogha cor dó."

Nuair airig Mac Conglinne an méid sin d'feuch sé ar Maincín, agus chuir sé smuta gáire as, agus dúbairt sé mar seo :—

"Deannact dúinn, a cléirig
Is uasal ó d'ainnsean.
Mac Meala, mic Créicin,
Mic Cruiceóige maoile.
Mic Doigneám, mic Praisce,
Mic Dreac-dainne Duacaig,

Mic Dlácaighe ó'n gcuigim,
Mic Ime, mic Uactair.
Mic Mairtfeóla boirbe,
Diabh cutaigh do dhaoine,
Mic Caoirfeóla ag fríochaigh,
Mic Dhrucóige ghríosaigh.
Mic Dulóige finne,
Mic Cruicneachtan ríghne,
Mic Cannta arám coirce
'S a cotrom de'n im air.
Mic Dagúm, mic Solainn,
Mic Duile le h-íota,
Mic Diotáile an lasadh,
Mic Dairille fiona.
Mic Meisge, mic Meadhrán,
Mic Dagarta Dhuibhne,
Mic Cleir-Ailpin—"

Do léim Maincín 'na seasamh.

"A mhuintir Chorcaighe," ar seisean, "an fada a measan sibh leighinn do'n chuirpeach san tarcuisne tabairt dhóibh-sa ar an gcuma san! Sin gemealach bhí déanta aige dom, rud nár dhéanadh d'aon duine riamh fós. Gemealach bhí! Chóir mait agus ná raibh ins na daoine táinig nóiham ach saighseana bhí agus oige! Ar airigh aonne riamh a leicéro! Bí mo shinsear chóir mait, chóir h-uasal, chóir chreidheamhnach le sinsear aonne atá ag éisteacht liom, is cuma liom cé h-é."

Nior labair aonne. Nior féadh aonne labairt, bíodar go léir i n-a leicéro de cás le neart gáiri.

Do labair Mac Conglinne.

"A mhuintir Chorcaighe," ar seisean, "tá dearmhad ar an nduine, dearmhad mór. Is dóich leis gur air féin

atá an seanacus san agam 'á déanamh. Ni h-eadh go deimhin. Ni baineann an caint i n-aon cor leis. Ni'lim ag déanamh seanacuis ar aoinne. Ni'lim ach ag insint na h-aislinge a taisbeánadh dom anéir, agus mé am' codladh go sámh ar leabaidh an duin'uasail sin. Ni'l sa caint atá náirithe agam ach cusach na h-aislinge. Dios am' codladh go sámh i leabaidh an duine thacánta san, agus go deimhin bí fádh agam le codladh agus le suaimhneas tar éis a bpuaras de dhroch úsáid i gcaiteamh an lae roimis sin, agus i gcaiteamh na h-oíche roim ré. Ach ni foláir a admháil, pé dhroch úsáid n-an fadas trid, gur b'fiú é fulang leis cun ceadh luighe sa leabaidh sin d'fágail. Nior fan bluire d'á cuimhne agam nuair a luigeas ins a' leabaidh sin!

"Is doiche liom, a thuirtir Concaige, gur tuit mo codladh orm cóir luath agus do sineas ar an leabaidh sin, fé'n éadach leaptan a bí cóir breagh, cóir cúmhra, cóir glan, cóir teith, murar b'ionann a's éadach leaptan an tige aoigeadh.

"Trát éigin sa n-oíche do dúisigeas, dar liom, as mo codladh. Conac an duine 'na seasamh ag cnaisde na leaptan. D'feucas air agus d'feuch sé orm. D'fanas feucamt a' ladharfadh sé. Nior ladair. Bí culaith cléirigh air, agus cocal, dineach mar an gcocal san atá ar mhaicin anois.

"Nuair ab fada liom gur ladair sé do labhras fém.

"'Cé h-é tusa, le toil t'onóra!' arsa mise leis.

"'Mise!' ar seisean liom.

"'Seadh, tusa,' arsa mise leis.

"'Ni mar sin is ceart duit ladairt liom-sa,' ar seisean.

"D'féidir, le toil t'onóra,' arsa mise, 'go 'neósfá dom conus is ceart do m' leiceadh ladairt le t'onóir.'

"'Neósfaidh," ar seisean. 'Cuir cluas féar ort féin,' ar seisean, 'agus coimeád ad' cuimhne an caint a déarfaidh leat. Seo mar is ceart duit labairt liom,' ar seisean.

"'Deannaċt dúinn, a Cléirigh,' agus an cuid eile, fé mar mnseas daoib, a Mhaincín, agus a mumtir Corcaighe. Ni raib aon bamt ag an gcaint leat-sa, a deagh-duine, agus ba neamhgáid duit i gcladach cugat féin agus cú féin a cur i bpeirg mar geall uirri."

Nuair airig an cómhairle an méro sin isead di an sult agus an spórt ar fad acu, agus d'á méro fearg a bi ar Mhaincín nior féad sé gan a gáire déanamh cóm maith leó. Támig machnamh dó. Ceap sé go dti san ná raib i Mac Conglinne ach fear siúbail, duine des na rascailli diomhaoime a biod ag gluaiseacht ó teach aoigead go teach aoigead, ag ite agus ag ól, ag caiteamh an bid nár cuilleadar, agus ansan ag déanamh aoirce, ag cáine agus ag imdeargad na ndaoine a cugad doib an biad, dá mba ruo é ná biod an biad cun a dtoile ar fad. Ni biod aon cuma eile cun beit suas leó, nuair a geibti greim orta, ach sgeimle tabairt doib, mar a cugad do Mac Conglinne. Nuair a geibdis an sgeimle d'éaluigdis leó féin agus ni tagadis airis. Ach b'sé donas an sgéil. Ni raib aon fonn éaluigte ar an bfear so. Dém sé an aoir direach mar a déimdis go léir. Do cugad an sgeimle dó mar a cugti doib go léir. Do daonad cun a crocta é mar a dadrti i gcómhnuige iad. D'iar sé an aisge direach mar iaradis go léir, i dtreó go bfaigdis cadi ar éaloid. Ach nior dém sé seo aon iarracht ar éaloid. Di an lucht coimeádta air gan amhras. Nior mór iad san do coimeád air cun a cur 'na luige air go radtas

dáiríribh. Nior b'fholáir beit lom dáiríribh le n-a lán d'á leitéroi mar bíteamhnaigh ab eadh iad, agus díodh an croc cuillte go maith acu. Ac cad 'na caob nár déim sé seo aon iarracht ar éalódh? Bí an ceist sin i n-aigne Mhaincín agus bí sé ag teip air aon réidteac fágail uirri cun a toile. D'féroir nár d'fear siúbail i n-aon cor é. D'féroir gur duine uasal é i riocht fir siúbail. Cuirfead neite da gceannmhaire 'ná san féin amach. Nior dém Maincín ac a mhachnamh do comeadh aige féin agus a gáire déanamh cóm maith leis an gcuid eile de'n cómhairle.

"An aisling! an aisling!" arsa cád, nuair a stad an sult.

"Cár stadadh mé?" arsa Mac Conglinne.

"Ag an gcleit-ailpin," arsa cád.

"Ó, 'sea," arsa Mac Conglinne.

"'Mic Cleit-ailpin gceanncaig,
Cos ganbail ó'n gcoimhlig,
Mic Potóige caorach,
Mic Maocail, mic Úta,
Mic Geire, mic Sailte,
Mic Smiora, mic Smúsaig.
Mic Creadair na coille,
Mic Pilip ó'n Maoilinn,
Mic Naosgaige na mainge,
Gneim milis do rigcid,
Mic Sgadáin ó'n bpairge,
Mic Bradáin a' n-eócail,
Mic Bándric ó'n mBrigoig,
Mic Rig-Colamóna.
Mic Ubaill, mic Áirne,
Mic Silin, mic Pluma,

Mic Caoir cúmrta Cántainn,
Mic Eitne cnó coille.
Mic Spúnáin, mic Súda craob,
Mic Súda talmhan aibig,
Mic Socair gac méitris,
Mic Abéil, mic Adaim.'

"Nuair a bí an méid sin cainte ráidte aige, a Mhaincín agus a mhuintir Corcaige, d'éigean dóm-sa an caint do ráid 'na diaig agus beit 'gá ráid go dtí go raib sí do glan meadair agam. Ansan do labras féin.

"'A duin'uasail,' arsa mise leis, "ní mait an rud an caint sin a múinead do duine go mbéad ocras agus tart air. Nion beag dó an t-ocras agus an tart gan é beit coitcianta ag áiream na sóglaistí breagta san agus gan fágail aige ar teacht suas leó.'

"'Ní'l tart ná ocras ort-sa anocht,' ar seisean.

"'Ní'l,' arsa mise, 'ac béid amáineac.'

"'Téanam,' ar seisean, 'agus taisbeánfad-sa dútaig duit ná bion tart ná ocras ar aoinne coidce ann.'

"Gluais sé amac. Gluaiseas féin amac 'na diaig. Tánamar go bruac na faraige. D'feucas amac ar an bfaraige. Leamnacht ab ead an faraige. Bí bád i n-imeal na faraige. Cuaid sé isteac sa bád. Cuadas féin isteac 'na diaig. De gein cruaid a bí an bád déanta. Do rug seisean ar ceann des na bataib ráma. Do rugas féin ar an gceann eile. Asna mairt ab ead gac bata ráma acu. D'oibrigeamar na bataí ráma. Do gluais an bád trid an leamnacht. Conac féin caraig sa bfaraige. Tánamar i ngoireacht di. D'feucas uirri go cruinn. Gnut ab ead an caraig. Do labair an fear.

"'Má bíon tú ad' aonar ag gabáil an treó so,' ar seisean, 'fan amach ó'n gcarraig sin. Tá carraigneacha bárdte 'na n-aice agus tá otéróteá 'na measg do brisfí an bád agus do bádfaí sa leamhnacht tú.'

"'Tá go maith,' arsa mise, 'ach an gnúth iad go léir, le d'fonn?'

"'Tá fod carraig cáise ar a measg,' ar seisean, 'agus slisneacha geire, agus asnaróeacha mart, slisneacha agus bataí rámha na mbád a briseadh ann ó am go h-am. Fan amach ó'n áit.'

"'Fanfad,' arsa mise, 'gura' maith agat.'

"Comáineamair linn. Ag feuchaint uaim ar barra an leamhnachta tugas fé noeara cnapóga ime agus cnapóga uachtair, agus fé mar a shuataimís an leamhnacht leis na bataí rámha d'eiriseadh cugainn anios, i bfuirm trioscair, criachta meala agus mion-chnapóga cáise agus gnúcha, agus anois a's ainís, anios a' tónpoill, téadracha breagha fada de daimne-neamhar nígin, gur breag le duine beith 'gá gearradh le n'fiacalaib agus 'á slogadh.

"Comáineamair linn. Feuchaint d'á dtugas uaim de bruim mo gualan do chonac rud. Conac oileán álainn agus caisleán istig ann.

"'Cad é an t-oileán é sin, le d'fonn?' arsa mise leis an bfear.

"'Fan leat go fóill,' ar seisean, 'agus cíbfir le d'súilib féin an t-oileán agus an caisleán agus a bfuil istig sa chaisleán.'

"Sroiseamar an t-oileán. Thánamar i dtír. Seir chuatd ab ead an talamh fé n-ár gcosaib. B'é b'fada liom-sa go bfeicfinn an caisleán. Chuadmar suas chuige. Bí falla mór cosanta 'na timpal. De bricean-aib arain cruichneachtan a bí an falla déanta, agus

mm coirce agus leamhnacht a cuireadh mar mhairtaol ann, nuair a biteas 'sa déanamh. Bí móta mór, domhinn, leatan, mór-cimpal, lasmuic de'n falla cosanta. Leamhnacht a bí sa móta i n-mead uisge. Bí drocad ar an móta ar agaid geata an caisleám. D'im úr cruaid a bí an drocad déanta, agus bí falla bagúm ar gach taod, mar slat-drocaid. Cuadmar tar drocad. D'osgail an geata dúmn uaid fém. De bileogaib mairtfeóla a bí an geata déanta, agus é ar cuisleanaib agus ar bacánaib geire. Cuadmar isteach. Ba breag an caisleán é, agus ba cúmta, agus ba córach, agus ba daingean. Bí na fallai déanta de bulógaib snuidte agus iad curta ar a céile cóm dlúth sin ná raib aon tslig eatarta cun aon gaoithe do leigmt isteach. Istig sa caisleán bí seómrai móra ánda, agus polai cáise eatarta, a bí cóm h-árd leis an gcaisleán fém. Arán cruithneachtan a bí cóm geal le sneachta iseadh bí i n-úrlár an caisleáin, agus sailean mór fada troma geala, de seana gnuth cruaid, tuas mar racai ag comeád an cinn air, agus bataismaróm de seana bagún láidir ag comeád na racai sin gan leatad ó céile.

"Ansúd i dtaob de'n caisleán bí tobar breag, agus ní h-uisge fuar a bí ag eirige sa tobar san, ac fion. Bí srután ag ruith treasna an úrláir, agus ní h-uisge a bí sa tsrután san ac beóir; agus bí srután eile, i n'aice sin, agus srután leanna d'eadh é. Lasmuic de'n caisleán, roir é agus an faraige leamhnacta, bí loc praisge agus dob' álainn an barra méit a bí air. Bí an talamh, roir an caisleán agus an faraige leamhnacta, leigice amach 'na gairdiníb breagta, agus na cladaca a bí ar na gairdiníb sin is gleaca ime a bí orta, agus blát-bán blonaige ar na gleacaib sin. Ar

an taod eile de'n caisleán, idir é agus an cnoc, bí coill breag, coill a déim focain áluinn do'n caisleán ó'n ngaoit a-tuaid sa geimhre. Isé rud a bí ag fás sa coill sin i n-measg admaid 'ná cabáiste geal, agus inniúm, agus meacain, agus an uile saghas glasraí a béad folám cun bíd d'ollamhughad. Bí gach aon ton de'n cabáiste sin cóm mór cóm h-árd leis an gcrann daraighe is mó d'á bfeaca-sa riamh. Bí gach inniún cóm mór cóm h-árd le crann fuinneóige. Bí gach meacan cóm mór le crann giúise. Mar sin do gach glasra eile d'á raib ag fás sa coill sin. Biodar cóm mór cóm h-árd le h-aon admad coille, agus biodar féin agus an duilleadar a bí orta cóm dond agus d'féadfad glasra beit.

"Táinig muintir an caisleáin ag triall orainn agus cuireadar fáilte rómhainn go fial. Biodar 'na suide timpal na teine. Bí mór-seisear acu ann. Isiad a bí go beatuighe agus go plúrach agus go cirineach. Bí an gach duine acu ceann feóla gur b'fearrde cú nadarc fághail air. Bí culaith éadaigh an gach duine acu de'n dlonag da gile agus da glaine dob' féidir fághail, agus cnaipí cáise ins gach casóig agus cnaipí gruta ins gach briste. Bí, fé mhuineál gach duine, sladra breag buide d'inniúnaib óga. An taoiseach a bí orta bí clóca air a bí déanta de baill maint agus de gein úr caorach agus iad figte an a céile go cliste agus go h-ornáideach. 'Na suide i n-aice an taoisig sin bí a ban-céile, agus cóir éadaig uirci cóm h-uasal dineach agus bí an an taoiseach féin. Bí coire mór an an teine agus é lán de'n uile saghas feóla d'á feadas, agus 'na seasamh an aghaid an coire sin bí cócaire eolgaiseach agus a ael tri mbeann an a gualainn aige, agus é ollamh cun aon tsaghas feóla do

h-iarfaí air do tógaint amios as an gcoire leis an ael sin. Dí bior ar agaid na teme amach agus trí nó ceathair de saighseanaib feóla ar an mbior, d'á róstad, agus balait ó'n bfeóil sin a cuirfead mian tuille bíd ar dume ná béad ac tar éis a dóitim do caitheamh i látair na h-uaire sin.

"Nuair a conac fém an radharc san go léir thánig macthnamh cugam. Cumhnigeas ar an gcás so 'na bfuil Cathal Mór mac Finguine, rígh Mumhan, agus ar an gcás 'na bfuil an Mumham go léir mar gheall ar an airc seo cun bíd ata ar Cathal. Tuigeas am' aigne gur mór an truaghan an radharc san do tabairt do Chathal mar go mb'féidir go sásócad an radharc é agus go n-imtheócad an airc dé."

D'éirigh Maincín.

"A mhaithe agus a mhór uaisle Chorcaighe," ar seisean "measaim fém, sar a gcroctar an cuirpteach so, gur fearr é cur ag triall ar an rígh agus leigint dó an aisling seo d'innsint 'na láthair. Fear iseadh Cathal go bfuil speóis ana mór aige i sgéaluigeacht shultmhar, agus geadaród sé sult agus caitheamh aimsire sa n-aisling seo, agus geadaród a teaghlach caitheamh aimsire mti, agus teaghlach an fir 'n-a bfuil Cathal i n'fochair anois. Cá b'fios, mar a deir an fear so fém, ná go mb'féidir go ndéanfad an aisling tairbe eile i n-éagmuis an chaitheamh aimsire. D'féidir go n-imtheócad an airc de Chathal an faro a béad sé ag éisteacht leis an aisling."

Do toilig an chómairle go léir láithreach cuige sin. Ní h-amhlaród a dí aon tsúil acu go leigisfí Cathal. Ní h-ead, ac dí gach aon tsúil acu ná feicfidís an cuirpteach airis. Diodar conta a ndóitim dé, agus da cuma leó cá nagad sé ac go mbéidís fém sgartha leis.

Measadar, luaċ nó mall, go n-éalóċaḋ sé uaċa nuair a ḃéaḋ an sgeimle fáġalta aige, ḋireaċ mar éaluiġeaḋ a leiċéroi i gcómnuiġe nuair a ḃíti ċun iad a ċroċaḋ. Nior éaluiġ, agus ḃíodar i bpúnc mar ġeall air. Ni feadradar cad ḃa maiṫ ḋóiḃ a ḋéanamh leis. Ḃí áṫas mór orṫa nuair airiġeadar caint Maimcin.

"Curtar aġ triall ar an riġ é!" ar siad go léir.

"Ni'l an aisling innste fós agam, a Maimcin agus a ṁuinṫir Corcaiġe," arsa Mac Conglinne.

Deir an seana leaḃar gur mis sé an ċuiṫ eile de'n aisling ḋóiḃ ansan, aċ nior cuireaḋ síos an ċuiṫ eile sa n-áiṫ seo de'n leaḃar.

Caibidil a h-ocht.

Nuair a bí an aisling imsce ag Mac Conglinne do labair Maincín airís.

"Imcig anois ag triall ar an rig agus mis an aisling sin dó. Cá b'fios ná go leigisfeá é ó'n olc uatbásach so atá air."

"Má leigisim an rig," arsa Mac Conglinne, "cad é an diolfiach atá le fagail agam as?"

"Nach maith an diolfiach duit do corp agus t' anam do leigint leat saor ó'n gcroich?" arsa Maincín.

"Ni maith," arsa Mac Conglinne. "Ni'l aon deann agam-sa oraid féin nó ar dúr gcroich," ar seisean, "agus is ró maith atá 'fios agaib ná fuil. An t-é geadarb bás ar staid na ngrást is cuma dó cia 'cu le croich nó le faodar nó le taom breoiteachta a geadarb sé bás. Dérb doirse na bflatas ar osgailt roimis agus dérb na fioraém go léir ag teacht ag cur fáilte roimis, ó Adam agus a mac Abel anuas go dtí an fiorsan is déanaige d'fág an saogal so sa púnc aimsire 'na bfuilimíd anois. Dérb naoi ngráda na n-aingeal, roir Cirobim agus Sarobim, ag seimnim ceólta na bflatas d'á anam ar feadh na siorurdeachta, i radarc na Trionóide ró naomta. Cad é sin d'á leicéro sin cad a déanfarb Cacal mac Pingume, ná fir Murhan, ná mumcir Concaige, ná Maincín, ná a mainistir, ná aon nib eile ar an saogal so!"

"Cad é an diolfiach a béadb uait," arsa Maincín "dá leigisteá Cacal?"

"Ni ró mór a béadb uaim," arsa Mac Conglinne. "Ni iarfad ac an cocal beag san atá ar ceann Maincín.

Is cuimhin liḃ, a mhaiṫe Corcaiġe, conus mar a h-iarraḋ an coċal san ċeana ar Maimċin agus nár ḃ'féroir é fáġail uaiḋ. Is cuimhin liḃ conus mar a ḋéin cléireaċ leaṫ mhoġa go léir troscaḋ i n-aonfeaċt feuċaint an ḃraiġrois an coċal beaġ san, agus conus mar a ḋ'eiriġ Maimċin iaḋ ar an gcoċal. Má leiġistear Caṫal mac Finguine ó'n oiċ so aṫá air, tré innsint na h-aislinge seo ḋó, ní iarfar de ḋíolfiaḋ as an leiġeas aċ an coċal beaġ san."

D'iompuiġ a liṫ i Maimċin nuair airiġ sé an ċaint sin.

"Is beaġ agat-sa an coċal so," ar seisean, "aċ is mór agam-sa é. Tá mo ċúis féin agam leis sin. Ní féroir dom an ċúis a ḋ'innsint daoiḃ-se. Aċ deirim an méro seo liḃ, i láṫair Dé agus Darra. Dá mba liom a ḃfuil de ṫalaṁ i gcríċ Corcaiġe, ó Lár go h-imeal, do sgarfainn leis níos túisge 'ná mar a sgarfainn leis an gcoċal mbeaġ so!"

"Ní ceart san!" arsa cáċ d'aon ġuṫ. "Ní ceart an coċal do ċur i gcomparáid le leiġeas Caṫail agus le teasargan na Mumhan. Má leiġistear an ríġ leiġisfear an Mumhain go léir. Ní maiṫ an gníomh do Maimċin Caṫal agus leaṫ mhoġa ċoimeáḋ gan leiġeas mar ġeall ar an gcoċal. Is maiṫ ḋó ná ṫabarfaḋ uaiḋ an coċal!"

Ṫuig Maimċin nár ḃ'foláir ḋó géilleaḋ.

"Ṫabarfaḋ an coċal," ar seisean, "agus níor ṫugaḋ riaṁ fós, agus ní ṫabarfar coíṁde, aisge ċóm deacair a ṫabairt. Ṫabarfaḋ an coċal ar an gcuma so. Curfar an coċal ar láimh easboig Corcaiġe. Ansan, má leiġisean an duine seo an ríġ ṫugaḋ an t-easboġ an coċal ḋó, agus muna leiġisfiḋ ṫugaḋ an t-easboġ an coċal ṫar n-ais dom féin."

Do socaruiġeaḋ an sgéal ar an gcuma san.

D'órduig maiṫe Corcaiġe an coċal do ċur ar láimh an easboig agus é fágaimt ar a láimh go dtí go bfeicfí cad a tiocfaḋ.

Nuair a bí an socaruġaḋ san déanta do tuġaḋ ceaḋ a cos do Mac Conglinne, agus dúbraḋ leis dul agus an aisling a d'innsint i láṫair Caṫail mhic Finguine, riġ Mumhan.

"Cá bfuil Caṫal anois?" arsa Mac Conglinne.

"Tá sé ciar," arsa Maincín, "i dtiġ Píċáin mhic Maoile Finne, riġ na n-eaċaċ, ag Dún Cóba, i gcoigcriċ ua n-eaċaċ agus Corca Laoiġde. Imtiġ anois agus ná leig puinn aimsire ċort go mbéir ann."

D'imtiġ sé, agus ní misde a ráḋ ná go raiḃ áṫas ar a raiḃ i gCorcaiġ nuair a fuaradar imtiġte é. Bí áṫas ar Maincín mar bí sé ciapaiṫe glan uaiḋ. Bí gnó na mainistreaċ curṫa i n-aimréir aige i dtreó nár b'fios caṫain a béaḋ gaċ níḋ i n'áit féin agus gaċ obair i n'am féin airis acu. Bí áṫas ar muintir Corcaiġe mar ba deaġ ná go raiḃ mi-meas ag teaċt onṫa féin agus ar a noliġte agus ar feirm a noliġte, mar ġeall air. Bí áṫas mór ar an luċt coimeádta. Nior tuġaḋ a leiṫéid riaṁ roimis sin dóiḃ le coimeád. Tuigeadar 'na n-aigne, i n-meaḋ iad a beiṫ 'na luċt coimeádta air-sin, gur b'eisean a bí ag déanaṁ an coimeádta onṫa-san. Dob' fuasgailṫ dáiríriḃ leó é beiṫ imtiġte uaṫa, agus neart a beiṫ dóiḃ aġaiḋ a ṫabairt ar gnó éigin eile. Díoḃar conṫa, cráiḋte ó beiṫ ag faire air, agus ná feaḋadar cad é an neómat a déanfaḋ sé nuḋ éigin, no déanfaḋ sé nuḋ éigin, a ċuirfeaḋ i bpúnt iad.

Ġluais Mac Conglinne air siar go Dún Cóba, go tiġ Píċáin mhic Maoile Finne. Bí Caṫal agus a gnáṫeaglaċ ann.

An áit 'na mbíodh an ríg agus a ghnáth-theaghlach díodh cruinnighte ann a lán luchd cleas agus luchd spóirt agus luchd greannmhaireachta, agus iad ag déanamh suilt dos na h-uaislibh, ag brath air go bfaighdís sínteús. Bíodh ag déanamh dán agus ag déanamh rámhán agus ag spíonuchán ar a chéile, mar 'dh éadh, nó ag déanamh magaird fé chuid des na h-uaislibh féin chun na cod' eile chur ag gáirdhe úmpa. Is 'mhór suilt agus greann agus filidheacht mhaith agus freagra géarchúiseach a tagadh uatha, agus is mór an caitheamh aimsire a geibheadh na h-uaisle asta go minic, agus is minic a dioltí go maith iad, nuair a dhéintís suilt éigin ab fearr 'ná 'chéile.

Isteach 'na measg san iseadh Cuaird Mac Conglinne, ar an gcéadh áes, cóm luath a's do shrois sé tig Dhícáim. Chrom sé ar spórt a déanamh cóm maith le cách. Cuir duine acu air. Má chuir, dha gearr go raibh an fear san 'na stáicín áiféis d'á raibh láichreach. Cuir duine eile air. Má chuir, do thámig sé as nios measa 'ná an chéad fear. Dha gearr go rabadar go léir, foir iseal agus uasal, ag faire ar an uile focal d'á dtagadh ó bhéal Mhic Conglinne agus ar an uile chor d'á gcuireadh sé dhe, agus nach túisge a bíodh amhal acu d'á fágáil ó aon thriceamh amháin gáirí 'ná mar a bíodh triceamh eile tagaithe orrha, i dtreo go mbíodh teinneas 'na n-asnaidheachaibh agus uisge le n-a súilibh, agus gan iontas focal do labairt. Tugadar go léir suas é do'n fear iasachta, nár thámig riamh isteach i n-aon chuideachtain 'na rabadar, cleasaidhe cóm glic, file cóm gunta, bearnóir cóm cliste, fear spóirt cóm sultmhar, caintéóir cóm briogmhar, freagarthóir cóm taparta cóm do-chlaoidhte.

Ar ball, nuair a bhí an spórt i leith taoid agus na

daome ag caint agus ag fáirdeadh agus ag cur fáidte Mhic Conglinne i gcuimhne d'á céile, cáinig Picán féin agus do labair sé le Mac Conglinne.

"A mhic léigind," ar seisean, "tá mórán spóirt tabartha agat dúinn agus morán suilt, agus is maith cuige tú, ach nior chuiris meadhair ná súdaccas orm-sa."

"Agus cad fé ndeara duit beith cóir dúdach, a ríg?" arsa Mac Conglinne.

"An amhlaidh nách eól duit, a mhic léigind," arsa Picán, "an t-olc uachdásach so atá ar an rig? Tá airc, nó deamhan, nó droch nídh éigin nach féadair a leigeas, istig 'na goile. Ni féadair coidche a dóichim le n-ithe ná le n-ól a tabairt dó. Tá uaisle na Mumhan creachta aige, a d'iarraidh a dóichim dídh agus díge tabairt dó, agus, i dteannta iad a beith creachta, tá náire saoghalta tabartha aige dóibh mar ni féadann a noíceal an tart ná an t-ocras a daimt dé. Tá duairt agus drón orcha, a beith le rádh an fuid Éireann anois, agus a beith le casadh le n-a sliocht go deó, an t-ocras agus an tart a beith ar an rig agus nár féadadar a dóichim le n-ithe ná le n-ól a tabairt dó. Is cruaidh an cás é, a mhic léigind, agus isé fé ndeara dóm-sa gan puinn suime beith agam i suit ná i súdacas. Tá diadh agus deoch agam 'á soláthar dó ó cáinig sé cugam anso ar an gcuairt seo, agus ni féadann mo díceal a dóichim a tabairt dó. Tá mo dúthaig sgriosta aige. Déidh mé féin agus mo thuatha beó bocht saor a mbéidh an cuairt criochnuighte agus é ag imteacht uainn."

"Cad a tabharfá dóm-sa a rig," arsa Mac Conglinne, "dá gcuirinn cosg le n-a goile duit ó 'noct go dti an taca so amáineach agus é déanamh ar cuma nár baogal duit fearg a cur air?"

"Cosg le n-a goile an fead ceithre h-uaire fichid!"

arsa Piccán. "Am briathar, a mhic léighinn, tá mbéadh oiread eile cleas agat, gur b'éin ruo ná féadfá déanamh. Pé ruo a déarfá, ná pé ruo a déanfá, ná pé cor a curfá díot, ní féadfá Cathal do chosg ar bíadh cur 'n-a béal dá mbéadh an bíadh 'na láimh aige."

"Dar ndó, má teipean orm ní bhéró ort díol. Cad a thabharfair dom má dhéinim an beart?" arsa Mac Conglinne.

"Thabharfadh fáinne óir duit agus eadh breathach," arsa Piccán.

"Am briathar, a rígh, go dtabharfair, agus tuille 'na theannta, agus ní tuille beag é, sar a nglacfar uait é," arsa Mac Conglinne.

"Thabharfadh," arsa Piccán. "Seabhair caora bán as gach crú caorach ó Charn go Corcaigh. Má chuireann tú cosg le soile Chathail an feadh ceithre n-uaire fichid bhéró Cathal leighiste agat. Má fanann sé ceithre n-uaire fichid gan bíadh bhéró dheire leis an olc atá air, agus bhéró ghiolla dhéanta agat-sa atá teipithe ar liaghaidh na h-Éireann go léir. Má dhéinean tú an ghiolla san seabhair mar a deirim. Má teipean ort ní dhéimíd bhúire beirthe ná caillte leis. Má dheinean tú an ghiolla seabhair-se na caoire bána. Má teipean ort iosfaidh Cathal iad."

"Tá go maith, a rígh," arsa Mac Conglinne, "Déanfad-sa an beart. Ach ní mór dom dheimhne dheith agam ar mo chuarasdal. Dá mbéadh Cathal leighiste béadh an Mumhain go léir ar na stárthaibh le neart áthais agus mire agus mór chroídhe. Ní h-orm-sa ná ar mo chaoire bána a bhéadh thaoime ag cuimhnéamh ansan, ach ortha féin agus ar Chathal, agus ar an bhuaghailt a bhéadh fághalta ag gach aoinne. Tha gheárr go bráthach mise gan caoire agus bhéadh sé fuar agam theith 'gá lorg."

"Agus cad é an dheimhne tha mhaith leat fághail air go

bpaşpá na caoine? " arsa Piċán. " Cad é an tacaiṫ-eaċt a béaṫ uait? "

" An tacaiṫeaċt is şnáċ le riş a tabairt ins na piaċa a bíon air," arsa Mac Conşlinne. " A briaṫar féin şo cuirfiṫ sé m'éileaṁ i bpeiṫom, agus şo nṫéanfaiṫ bruşaṫ agus filí agus luċt cáinte cabruşaṫ leis sa şnó şo ṫí şo mbéiṫ mo ċuid tabarṫa ḋom sa n-iomláine. Şan óṫouşaṫ ó'n riş ni aṁóċfai m'eileaṁ. Şan cabruşaṫ ó uaislib na tíre ḋ'fanfaṫ mo ċuid amuiġ uaim. I n-aimṫeóin şaċ ḋíċil béaṫ ḋaoine ná tabarfaṫ uaċa an ċaora bán úḋ mura şcuirfai easal oṁa. Ḋ'á briş sin ni foláir ḋom filí agus luċt cáinte ċun roiṁ riş agus uaisle agus ḋaoine ḋ'aoireaḋ agus ḋo cáineaḋ agus ḋo şearraḋ mura nḋioltar m'fiaċa liom sa n-iomláine."

" Şeaḋair şaċ niṫ ḋioḋ san, a mhic léişinn," arsa Piċán. Ansan ḋo naisş Mac Conşlinne ar Piċán na coinşill sin şo léir, agus ḋo ċeanşal Piċán é féin ċun na şcoinşioll şo léir ḋo ċómlionaḋ.

Um an ṫaca 'na raiḃ an méro sin ḋéanta ḃí aimsir ḋinnéir ann. Ḃí na h-uaisle şo léir aş cruṁniuşaḋ i ṫaṫeó an tseómra móir, séomra an ḃíḋ, agus ḃí Caṫal ar an şceaḋ ḋuine ċuaṫ isteaċ ann. Ḃí, mar ḃa şnáċ, na h-uḃla ar na seiṫiḃ, ċun tusnuişte. Ṫuş Caṫal aşaiṫ ar na h-uḃlaiḃ, agus ḋeir an seana leaḃar nár ṫuş sé uaim ḋ'á seirḃiseaċ ar leaċ-éill a ḃróişe ḋ'osşailt san a raiḃ sé aş stupaḋ na n-uḃall isteaċ 'na ḃéal le n-a ḋá láiṁ agus 'şá n-iṫe ; agus an foċram a ḃí aişe 'á ḋéanaṁ le n-a ḋá ċorán aş meilt agus aş coşaint na n-uḃall, ḋo h-airişeaḋ é ins şaċ aon páirt ḋe'n riş-ċeaċ. Ḃí an ċuideaċta şo léir aş éisteaċt leis an meilt, aċ ni leişfeaḋ easla ḋ' aoinne acu uḃall a ċur 'na ḃéal féin.

Bí Mac Conglinne ann. Do stad sé an fead tamall ag éisteacht leis an meilt. Bí sé sa taob tall de'n tseómra ar agaid Cathail anonn. I gceann tamaill do chrom sé an fothram a déanamh le n-a béal féin, ag aithris ar an meilt a bí ag Cathal 'á déanamh ag cogaint na n-uball. Ag blasactaig, nó ag fáscogamt, a thugan an seana leabar ar an rud a bí ag Mac Conglinne d'á déanamh. Bí an curdeacta ag faire, agus iad ag gáirtde fé n-a n-anál, feuchaint cad a déanfad Cathal nuair a tabarfad sé fé ndeara áilteóireacht an fir iasachta. Nior chuir Cathal aon tsuim i n-aon chor ann. Bí oiread san fothraim agá béal féin 'á déanamh nár féad sé aon fothram eile tabairt fé ndeara. Bí cloch mór tall i gcúinne an tseómra, cloch go ndeimtí faodar a chur ar arm léi. Cloch mór chrom ab ead í, agus bí soc caol ar ceann di mar a béad ar mneóin. D'eirig Mac Conglinne agus siúd anonn é cun na cloiche. Thug sé leis í agus do shuig sé airís sa n-áit céadna. Thuail sé an cloch ar a glúin chuige agus sáid sé an ceann caol di 'na béal. Chrom sé ar a fiacla do meilt i gcomnuid na cloiche, mar 'ó ead go raib sé 'gá cogamt. Seo mar adeir an seana leabar :—

"Isead adhuigro lucht fóluis agus seanóiri agus leabair Corcaige, ná raib duine isteach sa dún, ná i gcómhgar an dúna lasmuich, nár airig fuaim a béd i gcomnuid na cloiche, biod go raib an cloch ana sleamhain."

Tog Cathal a ceann agus d'feuch sé ar Mac Conglinne. Chóm luath agus bí a raid d'ublaid 'na béal sluigithe aige do labairt sé.

"Airiú, a mhic léigind," ar seisean, "cad d'imthig ort, nó cad fé ndeara duit beit as do theabair?"

"Tá dá nid ag cur orm, a rig uasail," arsa

Mac Conglinne. "An céad níd díob," ar seisean, "Cathal mac Fíor-áluinn Finguine, árdrígh Mór-Leithe Mogha Nuadhat, ard cosnamhaidhe Éirean i n-aghaidh Chlainne Cuinn Céadchathaigh, fear do h-óirdneadh ó Dia agus ó dhuilidh, laoch saor so-chéadlach d'éagnamhacht gríddha Gleannadhrach ó chinéil a athardha, a oicas liom-sa é d'feisgint ag ithe bídh i n'aonar. Agus an tarna níd," ar seisean, "dá mbéadh daoine anso indiu ó dhúthaidh iasachta, ag teacht cun athaimhse nó aisge nó fadhar d'iarraidh ar an rígh, go ndéanfaidís iongnadh dé mura bfeicfidís m'ulchaim-se ag comhrádharacht le t'ulchaim-se."

"Is fíor!" arsa Cathal, agus thug sé uball do Mhac Conglinne, agus le n-a linn sin do sáidh sé dó nó trí d'ublaidh isteach 'na béal féin.

Do leath a béal agus a dá súil ar an uile dhuine d'á raibh láithreach nuair a chonacadar Cathal ag tabairt an uball sin do'n mhac léighinn. I gcaitheamh na dtrí leath bliadhan 'na raibh an deamhan i ngoile Chathail, oiread agus uball, ná aon bluire eile díd a tháirla 'na láimh, nior sgar sé leis gur chuir sé 'na béal féin é. Dar leó go léir, dob' éachtach an ghnóthm dó an t-uball san a tabairt do'n chleasaidhe.

Chuir Mac Conglinne an t-uball 'na béal, agus ba mó gearr an mhoill air é mheilt.

"Is fearr dá uball 'ná aon uball amháin sa mhuileann so," ar seisean.

Chuir Cathal an tarna h-uball ag ruith fan an úrláir chuige. Dí an t-uball san 'na béal agus itte ag Mac Conglinne ar leagadh na súl.

"Uimhir na Trionóide!" arsa Mac Conglinne. Dí 'fhios aige an uraim a beith ag Cathal do'n Chreideamh.

Thug sé an tríthadh h-uball dó.

"A ceacain; leabair an tSoisgéala, le h-uraim do Chomna Criost!" arsa Mac Conglinne.

Cait Cacal cuige an ceathramhad uball.

"A cúig; leabair Maoise; le h-uraim do deic n-aiteanta na sean dlige."

Tug Cacal an cúigmhad h-uball dó.

"A trí faoi dó, nó a dó fó trí, sin a sé. Tabair dom an séthad ceann," arsa Mac Conglinne.

Cait sé uball i n-urcar cuige.

"Na seact neite a tarngaireadh do d'Dia an talamh: a incoina, é dreic, a baiste," arl.

Tug sé uball dó.

"Oct mbiasti an tSoisgéala, ó 'siad a bion i gcomhnuige ag stiúrugad do rig-dreite, a rúiri rig-dreitig," arsa Mac Conglinne.

Tug sé uball dó.

"Naoi ngráda na bflatas, ó's tú a riaras gráda na talman."

Do sgaoil sé uball cuige.

"Is leat-sa an deathmad grád, grád na beata so, a cosnamarde an cúige."

Tug sé uball dó.

"Áireamh na n-Aspol nuair a bí iúdás i n-easnamh orta."

Tug sé uball dó.

"Áireamh iomlán na n-Aspol," arsa Mac Conglinne.

Tug sé uball dó.

"An t-áireamh atá uasal tar gach áireamh," arsa Mac Conglinne, "Criost os cionn na n-Aspol!"

Do léim Cacal agus cuir sé búrt as.

"Ó!" an seisean, "dar Dannu ad iosgad sé mé féin sa deire!"

Do rug sé ar an seilc agus do steall sé na h-ubla ar furo an úrláir. Do dub a gnúis le feirg. Do súgad súil leis siar 'na ceann i dtreó ná tabarfad peata cuirre as í. Do leac an tsúil eile gur dóig leat go raib sí cóm mór le h-ub circe, agus í ag spréacarnaig le feirg. D'imtig sé anonn go dtí an cataoir riogá, agus cait sé é fém 'na surde inti, agus le linn surdte dó inti tug sé a leitéro d'únfairt dó fém gur crit an rig-teac go léir.

Do léim Mac Conglinne anonn láitreac agus cait sé é fém ar an dtalam ar agaid Catail amac.

"Umluigim duit, a rig," ar seisean, "do cos ar mo gruad! Ná cuir do mallact orm! Ná bain neam díom!"

"Cad cuige duit é déanamh, a mic léiginn?" arsa Catal.

"D'eirig aréir mar mé fém agus muintir Corcaige agus cuireadar a mallact ó croide orm. Sine fé noeara dom é beit de mí-ád orm an méro seo déanamh."

"Eirig as, a mic léiginn," arsa Catal, "ac dar lmluc Idair, dá mba béas dóm-sa mac léiginn a marbad béad teact gan imteact ort."

Innsean an seana leabar cad é an cúis an dearbugad san a beit ag Catal 'na béal. Nuair a díod sé ag imteact ar furo na dúice ag lorg bíd, agus a brat odar uime, agus a claróeam fada cruaid díreac 'na lámh clé aige, is i n-lmluc Idair a geibead sé a dóicim mion-arám le n-ice. Támig sé lá, i n-lmluc Idair, go cig mic léiginn a bí ann. Do cuiread carn mór arám os a cómair. Bí Catal ag ice an arám. Bí an mac léiginn ag léigead a leabair. Nuair a díod leatanac de'n leabar léigte ag an mac léiginn, i n-inead na bileóige d'iompáil le n-a méir, is amlaid a sinead sé

amach a teanga agus d'iompuigeadh sé an bileog le n-a teangain.

"Nár b'usa duit, a mhic léiginn," arsa Cathal, "do mhéar a fliuchadh agus an bileog d'iompáil léi 'ná beith ag sineadh do theangain amach ar an gcuma san?"

"Ní h-usa, a rig," arsa 'n mac léiginn, "mar ní'l oireadh fliuchra am' béal agus do fliuchfadh mo méar. Táim seingte, tríomuigte ó'n slógadh so a bíon coitchianta ag gluaiseacht amach go h-imeal an tsaoghail ag marbadh daoine. Ní'l ionam ach mar a béadh smut d'fadhra na bulóige agus é súigte le teine agus le luait agus le deathach, 'na crústa cruaidh cirm. Ní'l bluire ime ná saille ná feóla agam, ná aon bhaon dige mura n-ólainn bolmac d'uisge leath an locáin; i dtreó go bfuilim gan lút gan neart gan fuinneamh; agus mar barra ar gach ndonas, an slógadh!"

"Dar Barra," arsa Cathal, "ach ní béró san le ráth airis agat-sa ná ag aonne eile de d'gairm beatha. An fad a béadh-sa beó ní h-iarfar airis ar chéineach dul ar aon tslógadh liom."

Go dtí san bíodh ar chéineachaib dul ar gach slógadh le rig Éirean mar aon fear eile, agus do bain Cathal díob an uair sin é.

Chuir sé a theannacht rig ar imliuc, gan an áit a beith coiche gan flúirse mion-arán do theóraichib ann.

Da mhait an bail ar Mhac Conglinne an bárd san a beith ag Cathal do mhacaib léiginn.

Caibidil a naoi.

"Arís uasail ámo cómaċtaiġ," arsa Mac Conglinne, "iaraim ort as uċt do cómaċta ríogh agus as uċt na h-úmluiġeaċta is dual ó daoinib duit, aisge beag a tabairt dom sar a n-imtiġeaḋ!"

"Cá bfuil Piċán?" arsa Caṫal.

Do gladaḋ isteaċ ar Piċán.

"Tá an mac léiġinn sin ag lorg aisge orm, a Piċáin," arsa Caṫal. "Ni feadar-sa cé h-é féin, nó an ceart an aisge tabairt dó. Cad deirir-se?"

"Is ceart i tabairt dó, a ríġ," arsa Piċán.

Is sean focal é gur "ar sgáċ a ċéile a mairid na daoine." Is gnáṫ, le h-imteaċt aimsire agus do réir mar a ċídtear gáḋ leó, go bfásaid nósa áiriġte i ngaċ treaḋcas daoine a bion so-béasaċ agus úmal do dliġtib. Is mimic go mbion feidm na nós san nios treise 'ná feidm na nolíġte féin. I n-aice na nolíġte iseaḋ fásaid na nósa, agus is mimic gur b'é an nós a tugan neart do'n dliġ. Bi a lán nós de'n tsóid san i n-Éirinn faḋó nuair a bi ár nolíġte féin againn. Deaḃróċaḋ an sgéal gur ar nós díob san ata tráċt anso i dtaob na n-aisgeaċa so a díod ag Mac Conglinne 'á iarraid. Gaċ aon uair a biteas ċun é ċroċaḋ d'iar sé aisge. Gaċ aon uair a d'iar sé aisge dob' éigean an aisge tabairt dó. Ċídtear as san gur b'é a ċeart, do réir nóis na tire, an aisge d'fágail. Mura mbéaḋ gur b'é sin nós ná tire an uair sin ni ċuimneóċ' an sgéalaide i n-aon ċor ar a leiċéid de ruid, agus ni lúga ná mar a ċuigfeaḋ na daoine go

raib an sgéal le h-imsimt dóib, braiġ na camtse. Nuair a ġeibeadh an t-é díob le crochadh an aisge, agus nuair a h-iartí air an aisge díob uaid d'innsimt, diúltuiġeadh sé d'í d'innsimt go dtí go dtuigtí deimhne dó go bfaġadh sé í. Taisbeánan san gur b'é a ceart, do réir nóis na tíre, an deimhne sin d'fáġail. Mura mbéadh go raib san amhlaid ní cuimhneochadh an sgéalaidhe i n-aon cor air. Dá gcuimhniġeadh sé as a thaobhaim féin air, agus dá gcuireadh sé sa sgéal é, ní tuigfí a caint agus is amhlaid a bérfí as maġadh fé.

Nuair a léiġtí cuid d'ár sgoláirí an sgéal anois téidean sé sa muilean orra.

"Is ait an ní é seo," adeirid siad leó féin. "Duine a d'iarradh acaimiġe orm, agus ansan é ag cur ceanġal agus constaicí orm cóm maith agus nár b' acaimiġe i n-aon cor a béadh uaid ac nuo éigin a béadh le fáġail aige gan burdeacas dom! Ní measaim gur daome nó ciallmhara muintir na h-Éirean sa tsean aimsir sin."

Tá go breaġ, a sgoláire. Ná díob aon iongnadh ort mé 'gá ráid leat nách iad muintir na h-Éirean a bí gan ciall an uair sin ach gur tusa atá gan tuisgint anois. Bí nós áiriġte sa tír seo, agus call i Sasana, tá suim bliaġantaí ó sin ann. Tá an nós beó bord, call sa bfraimc fós. Do réir an nóis sin, dá mbémn ag gabáil an bóthair ar mo shuaimheas, gan aon chur isteach ná amach agam 'á déanamh ar aomne beó, agus go dtiocfadh rascail suas cuġam agus go gcaitfeadh sé seile roim an dá súil orm, gan cúis gan ádbar, béadh orm seasamh i lár páirce agus caoi tabairt do'n rascail sin ar phléar a chur tré m'croide! Cad deirir leis sin, a sgoláire? Cé 'cu is mó an ciall atá sa nós san nó sa nós úd a tuġ do Mhac Conclainne caoi ar

aisge d'iarraidh air a' gcroicfai é, agus ar an aisge cur i n-airiste do féin le ceangailaid cruadha? Dá dtagadh Mac Conglinne an an saoghal so anis, agus go bfeicfeadh sé an nós so na gcómhlann onóra, cad é an meas is dóich leat a béadh aige ar ciall na h-amsire seo?

Nós ana tairbheach ab eadh an nós úd na h-aisge. D'á cruinne a déanfai cás do chiall is féidir duine daoradh sa n-éagcóir. Is maith an rud an rigneas cun na h-éagcóra san do seachaint. Nuair iarradh an cime an aisge, pé rud eile déanfadh an aisge déanfadh sí rigneas. D'féidir gur mimic a déanfadh sí nios mó 'ná rigneas. Dá n-iarrtí an aisge ceart d'féidir gur mimic a tabharfadh sí an fírinne cun soluis agus go saorfai an neamhciontach ó'n gcroich.

Pé 'r domhan é, bí an nós ann, agus do chuig ár sinnsear a tairbe. Agus taisbeánan an sgéal so go raib an nós ana dhamgean, cóm dhamgean san ná raib ar cumas an rig féin an nós do briseadh.

Taisbeánan an sgéal leis go raib neart dó'n cime an aisge d'iarradh nuair a curfai pionós air dha lúgha 'ná é crochadh. Ni le crochadh a bí Mac Conglinne nuair iar sé an aisge ar Cathal, ach le dibirt.

"Tabair aisge beag dom," ar seisean, "sar a n-imtigead." Ni dúbairt an rig leis glanadh as a radharc, mar a déanfadh sé dá mba ná béadh brig ná feidm le n-a caint. Ni h-eadh, ach bí an sgéal cóm dian, cóm contabhartach san gur chuir an rig fios ar Pichán cun an sgéil a cur 'na cómhairle. Bí 'fios ag Pichán go raib rud éigin ar aigne ag Mac Conglinne nár chuig aonne eile. Bí 'fios aige go ndúbairt an cleasaidhe go gcuirfeadh sé feuchaint ar an rig fanmhaint san biadh san deoch ar feadh lae agus oidhche. Nior cheird sé gur b'féidir é déanamh. Ach bí an curdeacht so léir

ag feuċaint an Ċaṫal ag ṫabairt na n-uball do'n ċleasaiḋe, agus muna mbéaḋ go bfeaċaḋar an méiḋ sin ní ċreiḋfiḋis go bféaḋfaí a ċur feuċaint an Ċaṫal é ḋéanaṁ. Bí Piċán agus an ċuiḋeaċta ollaṁ an aon ruḋ a ċreiḋeaṁaint nuair a ċonaċaḋar an méiḋ sin. D'á bríġ sin, ċóṁ luaṫ agus d'iar Caṫal cóṁairle Piċáṁ i dtaoḃ na h-aiġe a bí ag an mac léiġinn 'á iarraiḋ, dúḃairt Piċán Láiṫreaċ an aiġe ṫabairt dó.

"Tabarfar," arsa Caṫal. "Cad é an aiġe aṫá uait?"

"Sar a n-imseaḋ an aiġe, a ríġ," arsa Mac Conglinne, "caiṫfeaḋ deimhne fáġail air go bfaġaḋ é."

"Ġeaḋair," arsa Caṫal. "Cad é an deimhne aṫá uait?"

"An deimhne is fearr féaḋfaḋ a beiṫ ag duine; do briaṫar flaṫa ann," arsa Mac Conglinne.

"Mo briaṫar flaṫa ann duit go bfaiġir an aiġe Cad 'tá uait?" arsa Caṫal.

"D'eiriġ toirmeasg aréir," arsa Mac Conglinne, "roiṁ mé féin agus muinṫir Ċorcaiġe, agus ċuineaḋar go léir a mallaċt orm, agus siné fé ndeara dom an ruḋ so a déineas anso anois ort-sa. Ní'l aċ aon níḋ amháin a ṡaorfaḋ mé ó'n mallaċt san a ċuir muinṫir Ċorcaiġe orm. Ní'l aċ aon duine amháin ar biṫ d'féaḋfaḋ an níḋ sin a ḋéanaṁ dom. Is tusa an t-aon duine amháin sin, a ríġ, agus isé níḋ aṫá agaṫ le ḋéanaṁ dom 'ná trosġaḋ aon oiḋċe amháin liom ċun Dé, agus sin é an aiġe aṫá agaṁ 'á iarraiḋ ort, a ríġ."

"Trosġaḋ aon oiḋċe amháin duit!" arsa Caṫal. "Aiṁiú, a ṁic léiġinn, taoi'n tú an duine! Conus féaḋfá a leiṫéiḋ sin d'aiġe 'iarraiḋ orm! Iar ruḋ éiġin eile. Iar aon ruḋ eile is maiṫ leaṫ."

"Ní ḋéanfaḋ aon ruḋ eile aon tairḃe dom, a ríġ.

Ní saorfaidh aon nídh eile mé ó'n mallacht a cuireadh i gCorcaigh orm, ach ríghe Caisil do dhéanamh trosgadh aon oídhche liom cun Dé."

"Iar nuo éigin eile, a mhic léighinn," arsa Cathal. "Dá a' gach lios sa Mhumham duit, agus uimhe d'ór as gach tigh, agus bhrat as gach cill, agus maor 'sá mbailiughadh duit, agus ceadh suidhe cun bídh duit am' chuideann fém an fadh a bhéidh an bailiughadh d'á dhéanamh. Agus dar mo dhebhoit!" arsa Cathal, "dá mbéadh orm sandhreas na Mumhan go léir a thabairt duit, b'fhearr liom é dhéanamh 'ná bheith aon oídhche amháin gan biadh."

"Dar mo dhebhoit," arsa Mac Conglinne, "dá dtugtá dom a bhfuil i leabhar Mhoga Nuadhat ní ghlacfainn é. Mar ní dhéanfadh sé aon bhuidhe tairbhe dom. Ní'l ach an t-aon nídh amháin a dhéanfadh tairbhe dom, tusa do dhéanamh trosgadh aon oídhche liom cun Dé. Tá do bhriathar flatha agam chuige sin, agus ní féidir do ríghe Caisil a bhriathar flatha do bhriseadh. Ach gan san d' aimsir i n-aon chor, a árdhaisghidhe agus a ríghe-fémnidhe Eóirpe, tá so agam le h-imnsinn duit. Ní'l suim agam i sandhreas an tsaoghail seo. Ní'l mo mhian ach i neamh, agus i n-easna agus ins na gnótaibh a seólan an duine ar leas a anama, agus fós tá m'anam damanta, agus naghadh go h-ifrean gan criche gan fóirceadh muna ndéinir-se, a ríghe Caisil, mé shaoradh ó'n mallacht so a chuir muintir Chorcaighe orm!"

"Seadhair an aisghe," arsa Cathal, "ó tá an sgéal chómh cruaidh sin. Ach tá aon nuo amháin deimhnighthe. Nior thugadh riamh, agus ní thabharfar go deó, aisghe is deacara thabairt 'ná an aisghe sin atá iarta agat-sa orm-sa, a mhic léighinn."

Do chroisigh Cathal an oídhche sin, agus do chroisigh Mac Conglinne fém, agus chuir sé feuchaint ar an uile

duine a bí i dtig Piadáin an oíde sin an trosgad céadna déanamh. Nior lamálad aon diúire bíd i n-aon cor isteac sa tig. Nior leig Mac Conglinne aon diúire bíd isteac ann. Nior gád dó pumn triobloide cur air féin cun an bíd a coimeád amac. Do leac an sgéal ar furo na curdeactan go léir go raib an nig ag déanamh trosgaird an oíde sin. Bí a leicéro sin d'iongnad orra go léir, agus a leicéro sin d'ádas orra, nior fan aon dúil i mbiad ag aonne acu. Nior measadar go raib an duine sin beó d'féadfad a cur feucaint ar Cathal fanmaint oíde gan biad. Nuair a fuaradar go raib an cleasaide iasacta so tar éis a cur feucaint air é déanamh, táinig a leicéro sin d'uraim acu do'n cleasaide go rabadar go léir ollam ar pé rud a déanfad sé leó a déanamh. Dá n-abrad sé leó trosgad déanamh go ceann seactmaine déanfaidis é. Ac, i dtreó ná béad aon daogal go dtiocfad aon biad isteac, do dún Mac Conglinne féin an tig, agus sin sé i dtuig a bí i leac taoib an doruis, i dtreó nár d'féidir d'aonne an dorus d'osgailt a gan fios dó.

Amac i noeine na h-oíde d'éirig fear an tige, Piadán mac Maoile Finne.

"Cad curge duit eirige dóm moc, a nig?" arsa Mac Conglinne.

"Cun bíd a cur i dtreó dos na slógaid seo," arsa Piadán, "agus go deimin ni h-anois is ceart a beit 'gá déanamh san. Da cirte an biad beit ollam ó inoé."

"Biod fordne agat, a nig," arsa Mac Conglinne. "Tá an oíde caitte agamn go léir ag déanamh trosgaird. Nuair a caitfear oíde ag déanamh trosgaird, seanamóin an céad rud is ceart a déanamh ar maidin."

D'imtig Piadán a codlad ainis, agus do sin Mac Conglinne sa tuig ainis agus nior coruig aonne eile

go dtáinig an eiriġce. D'eiriġ Mac Conglinne ansan agus d'osgail sé an dorus. Do niġ sé a láma agus a aġaid, agus cuġ sé a ṡaltair leis as a mála leadar, agus do cruinniġ sé a raiḋ de ḋaome sa tiġ agus crom sé ar seanamóin a cabairt dóiḃ. Bí sé cóm maiṫ cun na seanamónaiḃ agus bí sé cun na gcleas. Seo mar adeir an seana leadar :—

"Iseaḋ admuiġid luiṫ seanaċuis agus seanóiri agus leaḃair Conċaiġe ná raiḋ aomne láiṫreaċ, d'uasal ná d'iseal, aġ éisteaċt leis an seanamóin a cuġ an mac léiġinn uaiḋ, nár ṡil cri freasa deóir an faid a bí an tseanamóin ar siúḃal."

Nuair a bí an tseanamóin criocnuiġce do ḋéineaḋ úrnuiġce breaġta, fada ; úrnuiġce do'n riġ, 'ġá iarraiḋ ar Día saoġal fada cabairt dó agus an rath do cur ar an Mumain ar feaḋ a réime ; úrnuiġce ar son na gcrioċ, 'ġá iarraiḋ ar Día an talam a ḋéanamh toraṁail ; úrnuiġce ar son na maoine, 'ġá iarraiḋ ar Día iad do cur ar a leas i dtaoḃ anama agus cuirp ; úrnuiġce ar son na cúige go léir, 'ġá iarraiḋ ar Día sit agus caraḋas do cur ameasg na maoine sa baile, agus cosg do cur le gaċ naṁaiḋ iasaċta a ḋéaḋ ar ti aon cur isteaċ a ḋéanamh orra. Do ḋéineaḋ gaċ aon tsaġas úrnuiġce, mar sin, mar ba gnáċ a ḋéanamh i mbiaiġ gaċ seanamóna.

Nuair a bí an tseanamóin agus na h-úrnuiġce criocnuiġce cuaiḋ Mac Conglinne cun cainte leis an riġ. D'úmluiġ sé do'n riġ, agus ansan do labair sé :—

"Tánag, a riġ," ar seisean, "cun burḋeaċais a ġabáil leat mar ġeall ar an ngniom mór a ḋéinis dom aréir agus cun a fiafraiġe conus atáiḋan ansan indiu."

"Dar mo dedroc," arsa Cacal, "ni radcas riam nios measa, agus ni déidpear go brád."

"Is ró deas an iongnad tú deit go h-olc, a rig," arsa Mac Conglinne. "Tá deaman istig ad' goile le trí leat dliagánaid anois agus é ag déanam an uile sagas díobála duit, a'd millead agus a'd mortugad ar gac aon tsagas cuma. Is ró deas an iongnad, a rig, an sgéal a deit go h-olc agat. Ac feuc, a rig. Seo nuo atá iongantac go leór. I n-aimdeóin an deamain atá istig ad' goile d'fanais oídce gan diad cun duine doct gan áird mar mise do saorad ó díobáil anama. Da mór an gniom é. Da riogá an gniom é. Ac do déinis é, a rig. Agus feuc. I gcaiteam na dtrí leat dliagán nior déinis oiread an méro sin do rig Caisil!"

"Cad é an fuadar é seo anois fút, a mic léigind? Nó cad cuige go dfuilir?" arsa Cacal.

"An gniom a déinis, a rig, ar maite le duine com suarac liom-sa da cóir go ndéanfá é ar maite le duine com riogá le rig Caisil, agus ar maite leis an Mumain, agus ar maite le h-Éirinn go léir. Déim an gniom uasal, a rig. Do troisgis aréir ar mo son-sa. Troisg anoct agus troisgfeam go léir i n-aonfeact leat, 'gá iarraid ar Dia cabair a cabairt duit agus tú cabairt saor ó'n nduc nid atá ag imirt ort, a'd millead féin agus ag millead do rigeacta agus ag millead do maiteasa."

"Ná h-abair é, a mic léigind, ná h-abair é!" arsa Cacal. "Di an oídce aréir dian, ac da seact ndéine béad an oídce anoct."

"Ná h-abair-se sin, a rig," arsa Mac Conglinne, "ac déim an nuo is gnác le rig Caisil a déanam."

"Cad é an nuo é sin?" arsa Cacal.

"Isé an gníomh calma is gnáth le ríg Caisil a déanamh agus ní h-é an gníomh meatta," arsa Mac Conglinne. "Troisgfir an oíðče seo čun Dé, a ríg," an seisean. "D'á méro an fulang iseað is mó an čalmačt. Agus b'féroir go dtabharfað Dia an buað duit ar an namhaid seo atá ag déanamh an toirmisg go léir ort. Cač croða i n-agaid do namhaid iseað an trosgað so a déanfair anočt. Nior airigeas riamh fós gur staon ríg Caisil ó čač a čabairt do namhaid, pé neart a béað sa namhaid ná pé cruačtan a béað sa čač. Nuair a geibeað sé an buað sa čač ní bioð cuimhne aige an an gcruačtan."

D'feuč Cačal an Mac Conglinne.

"Is iongantač an duine tú!" ar seisean. "Is fior do čaint. Nuair a geibtear an buað ní bion cuimhne an cruačtan an čača. Má troisgim an oíðče seo is dóič liom gur b'é mo bás a tiocfaið dé."

"Is minic a čuigais agaid ar an mbás, a ríg," arsa Mac Conglinne, "agus nior airigeas riamh gur ðéinis dé ač neamhníð."

"Tá agat, a mic léigind!" arsa Cačal. "Tá an t-ocras a'm stollað agus a'm stracað istig ionam ač bioð aige. Fuilingeočaimid é."

Caibidil a deich.

Do thoisg Cathal an oidhche sin, agus do thoisg a teaghlach agus teaghlach Phiadhain, agus Mac Conglinne fein, agus an uile duine d'a raibh sa dun. Do dhun Mac Conglinne an tig fe mar a dheinn se an oidhche roimh re e, agus do luig se fein sa tulg ag urnaigh an doruis i dtreo nar fead aonne dul amach na teacht isteach i gcaiteam na h-oidhche, agus na raibh aon daoghal go dtabharfai biadh na deoch isteach sa tig a gan fios do.

Nuair a fuair Phiadhain agus a raibh laithreach go raibh Cathal ag deanamh an crosgaird an tarna h-oidhche is beag 'na go raibh sorn eagla ag teacht orra roimis an bfear iasachta, Diodar ag faire ar an uile chor a cuireadh se de, agus aon dhroughadh a tugadh se uaidh deimhnis rud air laithreach gan a fiafraighe de cad chuige é. Diodar i gcas aige gur chuige deanfadhis rud air 'na mar a deanfadhis ar Chathal fein.

D'eirighe Mac Conglinne i ndeire na h-oidhche agus glaodh se ar Phiadhain.

"An bfuil Phiadhain 'na chodladh?" ar seisean.

"Am briathar, a mhic leighinn, na fuil," arsa Phiadhain. "Ni'l aon fonn codlata orm. An fath a bheidh Cathal mar ata se ni feidir do Phiadhain codladh deanamh. An fath a bheidh Cathal mar ata se ni deanfadh-sa codladh na suan, soilbreas na suairceas, gean na gaire, a mhic leighinn."

"Eiridh, a righ," arsa Mac Conglinne, "agus tabair chugam ceathramhadh bagaim agus ceathramhadh mhairtfeola agus ceathramhadh muilt, de'n feoil is

fearr atá sa dún agat. Agus tabair cugam raimt meala 'na criadraib, agus raimt salainn, salann Sasanach, an plúca airgid fil. Agus tabair cugam ceithre bearna fada, glana, geala, finncuill."

Do tugadh cuige an feóil, agus an mil, agus an salann an an méis airgid, agus na ceithre bearna. Do tugadh cuige nios mó de'n feóil 'ná mar a d'iar sé. D'imtig sé ansan, agus iad go leir ag faire air, agus socruig sé spala mór feóla ar gach bior des na ceithre bearaib. Ansan do cuir sé aprún breag geal lineadaig ume agus hata leatan anuas ar mullach an cinn air féin. Ansan d'aduig sé teine breag d'fuinnseóig tirm, teine mór go raib ceithre dóirse teite geala uirri, gan deatach ná ceó ná spréacá ag teacht asta, ac solus glan agus teas. Cuir sé bior, agus a spala feóla air, ar agairt gach doruis des na ceithre dóirsib sin, agus an fairi a bi an feóil d'á róstadh bi sé ag ruit ó bior go bior, 'gá gcasadh, agus ag cimilt na meala agus an tsalainn de'n feóil, agus ag tabairt an uile sagas aireacais di i dtreó go ndéanfai an róstadh sa ceart. Dém sé an gnó cóm maith san nár cuir cun tailmh oiread de súglac na spalai feóla san " agus dácfadh criciu comnle, ac pé súglac a bi ionta gur isteac 'n-a lár féin a cuirfi sé." Sin mar adeir an seana leabar.

Nuair a bi an feóil ollamh le tógaint ó'n dteine do labair Mac Conglinne :—

" Téada agus réiteacá dom ! " ar seisean.

Do tugadh cuige iad ; oiread téadracá agus slabrai agus ceangalócadh fatac.

Tug Mac Conglinne cogar do Picán. D'feuc Picán 'na timpal. Dailig na fir ba creise ar an dá teaglac, teaglac Picáin agus teaglac Catail. Cua-

dar isteach mar a raib an rig. Bi sé i mbeirne an anama leis an ocras, nó geall leis. Bi an neart imtigte as. Do rugadar air agus ceangaladar é de thaob an tige leis na téadaib agus leis na slabraid. Nior chuir sé 'na gcomnid puinn. Bi sé nó lag. Nuair a bi sé ceangailte acu táinig Mac Conglinne 'na ndiaig, agus nior fág sé ceangal gan tástáil ná snaidm gan feuchaint, agus bi sé tamall maith, le bachánaib agus le coránaib agus le dingchib, ag cur gach ceangail agus gach snaidme ó bhaogal sgaoilte.

Nuair a bi an méro sin déanta aige agus a aigne sásta ná raib aon bhaogal go bhféadfaid Cathal cos ná lámh leis do sgur ó sna ceangalaib a bi air, pé cor a thabarfaid sé dó féin, ná pé únfairt a déanfaid sé, ná pé duile feirge thiocfaid air, táinig sé agus do rug sé leis isteach na bearna agus an feóil orcha, agus chuir sé ar bóro iad i n-aice Chathail.

Do labair sé le sagart a bi ann agus dúbairt sé leis fanmhaint ar an dtaob amuich de'n dorus i dtreó go bhféadfai gladhach air dá mbéad aon deadhnaí báis ag teacht ar an rig.

Nuair a conaic Cathal an feóil, agus nuair a chuaid a bhalait faoi, d'eirig an duile ocrais istig 'na goile. Bhain sé cúpla únfairt as féin, ach ni raib aon mhaith dó ann. Bi na ceangalacha ró dhaingean. D'fan sé socair. Ceap sé, nió nár b'iongnadh, gur b'amlaid a bi an mac léigind chun na feóla thabairt le n-ithe dó ó láimh. Do suig Mac Conglinne le h-ais an dúiro. Bhain sé a sgian as a chrios. B'é gnás na h-aimsire sin, nuair a théadh duine chun dinnéir go tig duine eile, go mbiod a sgian féin ag gach aoinne. Direach mar is gnáth anois go mbion a piopa féin ag gach aoinne. Bhain Mac Conglinne a sgian as a chrios. Do

ghearr sé greim de'n feóil de'n píosa da gcionna dó. Do cum sé an greim feóla sa mhil a bí ar an mbórd. Do sín sé an greim feóla cun béil Chatail. Do léat Catal a béal. Le n-a linn sin do snap Mac Conglinne cuige an greim feóla agus cuir sé 'na béal féin é agus d'ith sé é, agus é féin agus Catal ag feuchaint roir an dá súil ar a chéile.

"Drostuig! drostuig, agus tabair dúinn an biad, a mhic léighinn!" arsa Catal.

"Déanfad, a rígh," arsa Mac Conglinne.

Ghearr sé anuas greim eile de'n feóil agus dhein sé an rud céadna. Chuir sé an greim cun béil Chatail, agus ansan do snap sé cuige é agus chuir sé 'n-a béal féin é, agus chogain sé ar a shuaimhneas é agus é ag feuchaint ar Chatal, agus an dá súil i riocht léimt amach a' ceann Chatail le h-airc agus le buile ocrais.

Chomáin Mac Conglinne leis ar an gcuma san ag ithe, agus ag cur gach greama cun béil Chatail sar a gcuireadh sé 'n-a béal féin é.

"Cad é an fath a cheapan tú leanmhaint de'n chleas san, a mhic léighinn?" arsa Catal.

"Ni leanfad dé, a rígh," arsa Mac Conglinne, "ach go dti go mbéid an méid seo feóla ithte agam. Ni'l aon teóra le n-a bhfuil d'feóil maith ithte agat-sa le bliadhain go leith. An méid atá anso anois tá sé deag mo dóighe agam féin, agus is mise a d'iosfaid é, agus déanfid sé 'biad ó Dheólaid' duit-se."

Do dúir Catal agus do béic sé. Do ghlaod sé ar an mumcir a bí amuich, agus dúbairt sé leó teacht agus an mac léighinn seo chogaint as a radharc agus é cur cun báis. Nior leigeadar orta, ámhach, gur airigeadar é.

"'Seaḋ, a ríġ," arsa Mac Conglinne, "an faṫo a ḃéiḋ mé aġ ite na feóla so tá sé cóṁ maiṫ aġainn gan beiṫ díomaoin. Do taisbeánaḋ aisling iongantaċ ḋóṁ-sa anéir. Airiġim gur fear ana cuisġionaċ cusa cun briġe aislinge do ḃreiṫniuġaḋ agus do noċtaḋ. 'Neóspaḋ an aisling duit-se anois, agus déanfair-se briġ na h-aislinge do noċtaḋ ḋom."

"Dar mo ḋeaḃaiḋ," arsa Caṫal, "aċ pé cuisġint aṫá agam i n-aislingiḃ, ná pé duine go mbéanfaḋ briġ aislinge do noċtaḋ ḋó, ní déanfaḋ duit-se é, a ċlaḋ-aine ḃroċ múnte!"

"Agus geallaim-se agus deimniġim duit-se, a ríġ," arsa Mac Conglinne, "pé 'cu déanfair an aisling do ḃreiṫniuġaḋ nó ná déanfair, go gcaiṫfir éisteaċt léi, man 'neóspaḋ duit anso aḋ' láṫair i an faṫo a ḃéaḋ aġ ite na feóla so agus aġ cur gaċ greama ḋi cun do ḃéil-se mar spriocaḋ air do cuisġint."

Ansan do ċrom Mac Conglinne air an aisling a ḋ'innsint, agus i n-aġaiḋ gaċ trí nó ceaṫair ḋ'focalaiḃ ḋ'á mbeireaḋ sé cuireaḋ sé greim feóla cun béil an ríġ agus ansan isteaċ 'na ḃéal féin.

Nuair airiġ an muintir a ḋí air an ḋraoḃ amuiġ de'n doṁus Mac Conglinne 'gá ráḋ go raiḃ sé cun na h-aislinge ḋ'innsint do Caṫal cosnuġeaḋar an sleaṁnuġaḋ isteaċ 'na mbuime 's 'na mbuime. Táṁig an saġart isteaċ, agus giolla an tsaġart. Seóṁra ḃreaġ mór aḃ eaḋ an seóṁra. Ḋi cinteán breaġ fairsing i gceann ḋe, agus teine maiṫ sa cinteán, agus coire mór feóla air an dteine.

Cosnuiġ Mac Conglinne air an aisling a ḋ'innsint.

Caibidil a h-Aondeug.

"An oíche ré deire, a Cathail," arsa Mac Conglinne, "bios-sa am' luighe i leabaidh chlúmhar ré éadaighibh geala glana, an toct clúmh-éan a bí go bog agus go min agus go compórdach, ard ré m'ceann agus iseal ré m'chosaibh, agus gan oiread barra do lúidin d'aon rud i bfuirm cnapóige le fághail ann, ó chaisde go chaisde ná ó ceann go cois. Bios tuirseach tháidhe nuair a sineas ar an leabaidh álumn sin, agus ní fada bios sinte uirri nuair a bios am' codladh go sámh. Trát éigin sa n-oíche do dúisigeadh as mo chodladh mé. D'airigeas an gué, ré mar a ladarfadh duine liom. Nior chuireas aon tsuim sa gué. Bios ró seasgair, agus ró compórdamhail. Bí an tsáimhirigeacht ró throm orm, agus an iomad dúil sa chodladh agam. Do ladair an gué aimis liom.

"'Seachain! Seachain! a mic léigind,' arsa 'n gué. 'Cugat an t-anaithe! Báthfar sa n-anaithe tú murab dtugair aire duit féin!'

"D'feuchas sa threó 'nar ladair an gué. Chonac an duine 'na seasamh ar m'aghaidh amach. Bí an lá ag breacadh, dar liom.

"'Mórad duit,' ar seisean liom.

"'Mórad duit-se,' arsa mise leis.

"'Is ait an duine tú,' ar seisean. 'Tugas foláram duit go mbádhfaí sa n-anaithe tú murab dtugtá aire duit féin, agus ní'l bluine suime agat d'á cur sa bfoláram. D'féadfá, dá mbeifeá le bádhadh i n-aon chor nár b'fearr leat cuma 'na mbádhfaí tú 'ná tú bádhadh sa n-anaithe. Ach tugas-sa an foláram duit mar is cuige

a tánag cugat. Anois má báitteap tú sa n-anaitne bíod ort féin.'

"'Ní dóic liom,' arsa mise leis, 'gur baogal dom mé bádad i n-anaitne. Bíon a leitéro sin de tart orm nuair a tim anaitne, isé mo tuairim, um an dtaca 'na mbéad mo dóitim ólta agam dé, ná béad oiread am' diaig dé agus a bádpad luc.'

"'Ní h-aon mait beit leat, a mic léiginn,' ar seisean liom. 'Tá an iomad dúil sa n-anaitne agat.'

"'Is cruaid an cás é!' arsa mise leis.

"'Conus san?' ar seisean.

"'Neósfad-sa san duit,' arsa mise. 'Ní feadar cá dtámis, ná cá bfuil do thiall, ná cá nagad féin ar do long má bíon rud agam le fiafraige díot.'

"'Tabarfad-sa duit an t-eólus san go cruinn,' ar seisean. 'Ni'l agat ac an t-eólus a coimeád go cruinn ad' ceann nuair a tabarfad duit é, agus ní béro bac ort teact cun cainte liom pé uair is mait leat é. Iteacán, nac lán na beilte, is ainim dóm-sa, agus i Sid Mórdid a bím am' cómnuige, agus is ó'n áit sin a tánag cugat-sa anois cun a ráid leat tú féin a seacaint ar an anaitne nó go mbádfai ann tú. Ac measaim gur siúdal agus aistear atá déanta agam. Béad sé cóm mait agam foláram a tabairt do'n luicín i féin a seacaint ar pic an uactair sar a mbádfai sa n-uactar í.'

"'Má's iteacán is ainim duit,' arsa mise, 'agus má's lán na beilte b'ainim do t'acain, agus má's ó Sid Mórdid a táinis anois, measaim nác foláir nó go bfuil tuairisgí móra agat, agus cúntas agus fios sgéil, ó Talam an Bíd. An bfuil san agat?

"'Tá san agam gan amras,' ar seisean, 'ac is ró beag an tainde duit-se sin.'

"'Airiú,' arsa mise leis, 'cad a déanfaidh sur nó beag an tairbe dóm-sa é! Tá a lán siúbalta agam i gcaitheamh mo shaoghail a d'iarraidh mo chuid léiginn a chruinniughadh dom fein. Am' siúbaltaidh go léir níor bameadh an t-ocras ná an tart riamh fós díom i gceart. Agus sinéd tusa 'gá ráidh liom anois dá dtugtá eólus dom cun Tailtiu an Díd ná béadh aon tairbe dom ann. Ní cuigim do chaint, a mhic Lán na Deilte.'

"'Ní deacair mo chaint a cuisgint,' ar seisean. 'Feuch an builgin beag san ort! Níor ghníomh muinteartha dóm-sa fios sgéil a tabairt duit-se ar na biadaidh móra atá i dTalamh an Díd, mar nuair a rasfá ann ní féadfá puinn de'n biadh a d'ithe, mar ní'l aon tslighe agat dó. Ansan béadh an sgéal níos measa agat 'ná mar a dí riamh, na biadha móra ós cómhair do súl agus gan ar do cumas iad d'ithe.'"

(Nuair a dí Mac Conglinne ag ráidh na bfocal san chuir sé greim breag mór méid de'n feóil cun béil Chatail, agus ansan do snap sé cuige é agus chuir sé 'na béal fein isteach é, agus coghan sé é go réidh, ag breichniughadh a blais, agus do leig sé siar é, agus do súnaic sé a béal 'na diaidh. "Dar fiadh!" arsa gach duine a dí láithreach, i n'aigne fein, "ach is maith an bail ort an rig beith ceangailte!")

"'Cad é an méid nár mhór a beith am' beathaidh, le t'choil,' arsa mise leis, 'i dtreó go bfréadfainn mé fein a sásamh ar na biadaidh móra san?'

"'Níor mhór duit cúig duirn a beith ann agat, ar gach aon tslighe; cúig duirn ar fad agus cúig duirn ar leitead agus cúig duirn ar domhneas; é beith cómheatan ceithreacair agat, i dtreó go bfréadfá seacht mbéile d'ithe d'aon béile, agus dóithin naonbair de d'sóid-sa i ngach béile acu, agus seacht mbeoca d'ól i

n-aon duine, agus dóitim naonbair de d'sóid i ngaé duine des na seacht ndeoca san.'

"'Ocón!' arsa mise, 'cad a déanfad! Tá an donas ar fad anois orm. Ni'l an bolg san agam-sa ná i n-aon fiorracht dó. Do sgoilfeadh orm sar a mbéad leat oiread an méid sin itte ná ólta agam. Agus feuch, tá buile ocrais tagaithe orm ó deir as éisteacht leat! Tá dóitim an builg sin a dúbrais d'ocras orm, agus ni'l an bolg agam cun an ocrais do sásamh. Is cruaid an cás é, a mic Lán na beilte. D'féroir le t'toil, ó cuiris an t-ocras orm le d' caint, go dtabarfá cómhairle dom ar cad ab fearra dom a déanamh cun an ocrais a baint díom.'

"'Tabarfad-sa an cómhairle sin duit, a fir doicit,' an seisean. 'Eirig go dti Disert an fáithéagsa.'

"'Cad é an gnó béad ansan agam?" arsa mise. 'Ni'l aon easba sláinte orm. Ocras is ead atá orm. Ni liaig ná doctúir atá uaim, ac biad agus deoc.'

"'Ó,' ar seisean, 'nac neamforoneac an duine doct tú! Ná féadfá fanmhaint agus éisteacht liom go dti go mbéad deire ráidte agam! Eirig go dti Disert an fáithéagsa. Bainfear an t-ocras díot sa n-áit sin cóm maith agus dá mbéad an bolg mór úd ort. Seadair ann lán do croide de'n uile saghas bíd agus dige d'á feabas, biad dog briogmhar milis folám, a déanfard t'fiacala cóm geal cóm glan cóm liomha le fiacalaib con, agus ná cuirfid masmus ort dá mberófea 'gá d'ice ar fead seachtmaine gan stad, agus deoc bneag láidir meroneac meanamnac meisgeamhail, a bainfid na cosa uait ac ná goillfid coidce ar do ceann, deoc ná cuirfid teimneas cinn ort ná teimneas croide, ná coilic ná dadac ná diadair, ac d'fágfaid coidce dú go suairc agus go suthmar agus go súrac.

ad' curdeacta séimh grinn gealgáiriteach duit fém agus do gach aomne a déanfaidh teangadáil leat.'

"'O!' arsa mise, 'stiúruig mé cun na h-áite sin.'

"'Stiúróchaidh,' ar seisean. 'Isé céad rud atá agat le déanamh 'ná tú fém a cur fé comairce na n-uasal a bhamean le Talamh an Úir, i dtreó ná bádfai tú sa n-anaithe. Ansan caithfir aire mhaith a thabairt duit fém agus gan dul amú' ar an slig.'

"'Agus cé h-iad na h-uaisle nach foláim dom dul fé n-a gcomairce?' arsa mise.

"'Tá,' ar seisean, 'Anmleisge, mac Saille Sleamaine, agus Ciste mac Cruitneachtan, agus Maircfeóil mac Tobáin, agus Gruc an Chúil Dubhe, agus Goile mac Sgórnaig nár staon riamh ó chogadh ná ó mhór chataibh díbh. An fad a bhéidh tú fé comairce na n-uasal san ní baogal duit choidche tú bádadh sa n-anaithe.'

"'An gcuirfá-sa mé fé comairce na n-uasal san anois?' arsa mise leis.

"'Cuirfead ceana,' ar seisean.

"'Ansan do chuir sé mé fé comairce na n-uasal úd.

"'Anmleisge mac Saille Sleamaine go gcosanadh tú!' ar seisean. 'Agus Ciste mac Cruitneachtan go mbéinidh dion duit! Maircfeóil mac Tobáin go dtugadh misneach duit! Gruc an Chúil Dubhe go dtugadh lán béil duit! Goile mac Sgórnaig go dtugadh slogadh duit! Imtig ort anois,' ar seisean, 'agus ná h-eirig amú[8] ar an slig.'"

(Nuair a bí Mac Conglinne ag rádh na bfocal "Goile mac Sgórnaig go dtugadh slogadh duit," chuir sé greim ana mhéit cun béil Chatail agus snap sé sian uadh ainis é. Do leac Catal a béal nuair a chonaic sé an greim feóla ag teacht. Nuair as napadh uadh ainis

an greim, agus é nach mór 'na béal aige, do h-airigeadh ins gach aon páirt de'n dún an duille a buail a béal uachtair agus a béal iachtair ar a chéile, agus gan eatarta ach an folamhas.)

"'Imtig ort, a mhic léiginn,' ar seisean, 'go talamh an Dhia; go feóil úr; go feóil guirt; go sóg; go rósta; go caoinfeóil; go laoigfeóil; go h-anaithe maith; go leithe leamhnachta; go saill seana bagúin; go cabáiste geal; go measain; go h-inniúin; go cáiréadaí; go gruth; go meadóg; go h-úr-mhaothal; go h-ubla cúmhrtha; go h-eithne cnó; go spiúnáin bhoga; go súga craob; go súga talmhan; go silini a chuirfid uisge fé t'fhiacalaib; go cornaid lána le folamhughadh; go cornaib folamha le lionadh agus le folamhughadh airis. Gluais!' ar seisean. 'Má imtigean tú láithreach agus gan aon aimsir a chailleamhaint, béidh tú ann an lá a bhéidh an tabairt amach mór acu. Chífir an rígh féin 'na shuidhe 'na chathaoir ríoga, a théineadh dó fadó d'asnaidheadaib na bhfiadh a mharbh sé féin agus é ag fiadhach ar sléibhtib Mórdhia. Chífir 'na suidhe ar gach taobh dhe an theirt uasal, an dá Rioghan Luan. Chífir na h-uaisle go léir ann, agus a bhrat geal bhonaighe ar gach uasal acu, agus a chlaidheamh fada dhíreach, de gheir chonach, 'na láimh aige, agus a chiste arám chruithneachtan mar sgiath sa láimh eile aige. Chífir an áit go léir lán d'uaislib agus de dhaoine, agus de'n uile shaghas bhidh agus dhige d'á fheabhas agus d'á foláine agus d'á bhrioghmhaine. Gluais agus bí i n-am!'

"'Gluaiseóchadh ceana,' arsa mise, 'ach inis an méid seo dom, a mhic Lán na Beilte,' arsa mise, 'ó innsis gach aon nidh eile dom. Cé 'cu de thaoiseachaib Tuath Dhia, seachas a chéile, gur fearra dom theit fé n-a gcomairce chun mé cosaint ar chonnthachaib mhóra anaithe maith?'

"'Dioó do seasamh,' ar seisean, 'ar na Dhonagaib agus ar na Maotalaib.'

"'Tá go maith,' arsa mise, agus siúd cun siúbail mé.

"Cuireas an talamh díom le misneach croíde agus le fuinneamh cos, ar mo chromaruacan, mo ceann fúm agus mo dá shlinneán anáirde, mo dalcuisi crusáilte, agus ceó agus branar d'á steallad de m'sálaib. Níor iompuigeas i leith taoib ó clarú ná ó díg ná ó chocán fraoig, ach dul do léim tar gach clarú, agus do thuslóig tar gach díg, agus do poc-léimneach fiad tar na gleanntaib fraoig, agus tar na chocánaib maola aithinn Gaedealaig, agus tar gach gaorta agus móinteán aerach, féarmhar, péiteach, agus tar gach caol-shruth, slaise nó géar-adhaimn, go dtí gur tosnuigeas ar an mbalaith breag fágail ar an ngaoith. Do stadas ansan agus do súgas an gaoth isteach am' shróin agus am' béal, agus siar am' chaos agus am' chliab. Dá bféadainn é ní leigfinn d'aon leóithe de'n gaoith sin gabáil thorm, ar mo chlí ná ar mo dheis, ach is isteach am' béal a caithfeadh sí go léir dul! Dar liom da mhór go léir an truag agus an scrupal an gaoth breag cúmhrta saródhin sin a beith ag imteacht thorm ar gach taob díom agus an gáth cóm cruaidh agam féin léi, bí an t-aire agus an galar ocrais cóm dian san orm.

"Tánag de dhruim chocáin. Conac an faraige ar m'agaidh amach. Faraige leamhnacta b'eadh í. Bí dáo beag ana dheas i n-aice an puirt. Cuadas isteach sa dáo. De súgtach mairtfeóla a bí an dáo, déanta agus é clúdaithe lasmuich le geir, cun an leamhnacta coimeadh amach, sar a' mbádfai an dáo. Bí dá asna móra seana thuirc mar dá data ráma ann. Do rugas ar an dá asna, agus chomas ar an mbáo do comáint trío an

leamhnacht, sa treo 'na nuúdrad liom Diseart an fáthéasa do beit. Ag fluaiseacht dom bí an talamh tirim an taob díom agus an faraige osgailte ar an dtaob eile díom. Conac, agus mé ag cur na slige díom, na h-aibnní ag teacht isteach sa bfaraige, ó'n dtalamh tirim. Aibnní beóraé, aibnní fiona, aibnní leanna, aibnní méada, aibnní anaithe, aibnní leamhnacta, agus an caise a díod ó gach abainn díob do beireadh sé mo báidín tamall maith amach sa bfaraige an fad a binn ag gabáil tairis. Ac d'fillinn isteach airis nuair a díod an caise curta díom agam.

"Comáineas liom ar an gcuma san go dtánag i naidhe an Diserta. D'aithnigeas an dún mar do tugad a cómhartaí dom.

"Do tuig an fáthiaig féin go rabas ag teacht. Glaoid sé cuige ar a thuimtir.

"'Caithfid sib feuchaint cugaib féin go cruinn agus go h-aireach anocht, a thuimtir,' ar seisean. 'Tá duine ag teacht anso anocht agus ní foláir daoib sib féin a seachaint air. Duine iseadh é go bfuil eólus iaidhásach aige, agus éirim aigne, agus neart filiocheachta, agus ruit camte, agus cothrom focal. Tá sé oilte ar gach sórd eladhan, agus go mór mór ar gach nid a bainean le ceól agus le gcuiteigeacht agus le h-áineas cliaratheachta. D'á éagmais sin tá sé nimheac, teasaide, droc thiotalach, tarthar, ocrac, neamfordheac, agus mura bfriothálfar cun a coile é, agus i n-am, sa teaglac 'na dtéideon sé, tugan sé agaid béil ar thuimtir an teaglaig sin agus ní fearrde iad é an curo eile d'á saogal. Ac má friothálfar cum a coile é tugan sé molad dóib a thaineas i mbéalaib daoine an fad a thairid na daoine. Má's maith lib a molad do tuilleam déinid é friothálam go maith.'

"Do stiúruigeas mo bárdin isteach cun an dúna. D'áitmn an dún é. Bí seacht bpicid céad pola de polaid breagta móra árda 'na timpal, agus ní de clocaid ná de mairtaol a bí gach pola acu déanta ach de seana bagún látoir tatuiceach. Bí mar a béad cor sgeach tuas ar barra gach pola díob, agus ní sgeach geal ná draigean dub a bí ins na tuir sin, ach blonag tuirc agus é casta snaidmigte, i bpuirm sgeite, agus deilgne móra fada curta 'na seasamh ann, fiacala na dtorc a tug an blonag uata. Isé rud pé noeár na sgeacha blonaige sin agus na deilgne géara san a beit tuas an uair sin ar barraid na bpolaí, mar bí cogad ar siúbal roir muintir an fáthéasa agus Tuata Gobalac. Bí slóigte Tuata Gobalac amuich ar an bfaraige leathnacta, 'na loingeas, agus iad ar tí dúna an fáthéasa do brisead agus do tógaint, agus do cuiread suas na polaí agus na sgeacha agus na deilgne mar cosaint ar an nduin i n-agaid slóigte crúda Lionmara Tuata Gobalac.

"Bí an cogad san ar siúbal roir muintir an fáthéasa agus Tuata Gobalac ar fead mórán aimsire roimis sin. Uaireanta bíod an buaid ag muintir an fáthéasa agus uaireanta bíod an buaid ag Tuataid Gobalac. Ní raib aon rud a cuiread sgannrad i gceart ar Tuataid Gobalac ach na fiacala fada geala géara úd."

Caibidil a Dódeug.

"Tugas mo bárdoin cun puirt," arsa Mac Conglinne, "ar agairt an dúna sios. Tánag i dtir. Suas liom an staighre a bí déanta go ceárdamhail de leaca-caib geire a bí go breag daingean cruaid fé m' cosaib. Tánag go geata an dúna. Cómla geire a bí ar an ngeata, agus lúb de portóig caorach mar daingean uirri. Bí smaittin cáise 'na seasamh i leit taoib an geata. Do rugas ar an smaittin agus buaileas buille de ar an gcómlainn. Do bog an cómla uaim isteach. Siúd isteach mé. Conac dorus dúnta ar m' agairt isteach. Cómla cáise a bí ar an ndorus san, agus gan ag coimeád na cómlan dúnta ach lúibin gruca. Ni raib aon smaittin i n-aice an dorais sin. Nior déimeas ach an lúibin gruca d'osgailt agus an cómla do bád rómham. Do bog sí rómham go h-éagsa. Siúd isteach mé. Conac an dóirseóir laistig de'n dorus. Da breag an radarc le feisgint é mar dóirseóir! Cuir sé fáilte rómham. Tugas freagra air mar ba ceart. Ni féadamn mo súile cósamt dé. Cuig sé go radas ag déanamh iongnaid dé.

"'Is maith an teacht agat é, a mhic léigind,' ar seisean, 'ach nior tánais a gan fios oraimn. Tá gach nid ollamh ad' cóir. Ni dóich linn go mbéró aon locht agat le fágail ar an áit seo murab ionan a's aon áit 'nar tugais t'agairt fós.'

"'Cim, a fir maith,' arsa mise, 'go n-aithigean tú mé, ach ni aithigim-se tusa.'

"'Mise dóirseóir an dúna so,' ar seisean. 'agus

Maolsaille is ainim dom, Maolsaille, Mac Maoilime, mic Dlonaigse.'

"'Is ró maiċ an ainim atá ort, a Maoilsaille,' arsa mise, 'agus is oireamnaċ, cóm h-oireamnaċ, do réir mar a deirir, agus a bí ar t'atair, agus ar do seana máċair. Cugais leat an dúċcas go léir. Tá saill agus im agus blonag a ndóiċim go léir ionat-sa.'

"'Cuir sé sgearta gáire as, agus do leaċ sé a béal. D'eirig a pluic i dtreó gur dún a súile. Bí a béal ioċtair ar bogad agus a ċeanga ag tuitim isteaċ 's amaċ 'na béal. Bí a dá ċliatán agus a dá gual ar croċad direaċ mar a béad ualaċ péir a béad d'á tarang ar bóċar gard. An paid a bí sé ag gáiri bios péin 'gá tabairt pé ndeara. Bí bróga sleamaine deasa seana dagúin air, agus buinn de ċrústa ruad arain cruiċneaċtan púta. Bí stocaí cróna, de saill mairt, ar a loingnid agus suas ar a ċolpaid breagta ramhara. Bí briste glún air a bí déanta de boigreán burde go bpeicpeá tú péin 'na ceaċramhnaid bí a leiċéro sin de snas ann. Bí casóg cuirp air de ċaoinpeóil ċruag a bí go sgiomarċa agus go blátmar. Bí crios de ċroicean bradáim air a bí, ba dóiċ leaċ, lán de réilċiniḋ, mar a béad Sios na Spéire oiḋċe seaċa. Bí palamg air de'n sgannán a tagan ar leamnaċt deiḋċe nuair a leigtear dó fuaḋaḋ. Bí mar bioran i mbrollaċ na palamge sin, asna columóra, agus súil columóra mar ċeann ar an mbioran. Bí lámaimni breagta geala nua-uaċtair ar a dá láim. Aċ a ċeann! A ċeann a mairḋ mé ar pad. Bí ar dtúis banda boigreáin mór-ċimpal a ċinn. Bí os cionn an banda san mór-ċimpal, sraiċ de ċnapógaiḋ ime, gur dóiċ leaċ gur ċnapóigín óir gaċ ċnapóg acu. Os cionn na gcnapóg ime sin bí mór-ċimpal ċuas, púnsa

meala, agus laistigh de'n fhúnsa meala san, anuas ar mullach a cinn, bí liachróid mhór gheal bhonaige agus an liachróid lán de choimhlíd beaga 'na seasamh inti agus iad go léir an lasadh.

"Do stadas go dtí go raibh a chriteam gáirí cuncta dhé aige. Ansan do labhras leis.

"'D'oirfeadh dom dul isteach sa dún, a Mhaoil-saille,' arsa mise, 'mar is cuige sin a tánag. An miste dom dul isteach?'

"'Ó, ní miste, ní miste,' ar seisean, 'Tátar ag feitheamh leat istigh. Imtigh ort isteach. Cuirfar gach aon cóir ort. Ní fágfar aon ní ó'n mhoin riamh i n-easnamh ort.'

"Isteach liom gan a chuille righnis. Dhob' álainn an dún é. Má b'álainn ó'n dtaobh amuich é bha seacht n-álainne 'ná san ó'n dtaobh istigh é. Ní raibh ach diabh, diabh, diabh, ins gach aon ball ann. Diabh os mo chionn. Diabh mór-chimpal orm. Diabh fé m'chosaibh sa talamh. Diabh agus deoch rómham agus am' diaigh pé ball 'na dtabharfainn m' aghaidh.

"Nior b'fhada go dtáinag mar a raibh an fháchlaigh féin agus é 'na shuidhe 'na cathaoir rioga, agus na h-uaisle 'na timpal, mar a dúbhradh liom. D'feuchas orcha go léir go cruinn. Diabh ab eadh an t-éadach a bí orcha. Diabh ab eadh na h-ornáidí a bí orcha. Diabh ab eadh na cathaoireacha agus an uile shagas chriosgám d'á raibh mór-chimpal an rígh-chise.

"Chuadas isteach sa chistim. Bí mac an fháchéagha féin istigh sa chistim, agus a shlat-iasgaireachta aige, agus é ag iasgaireacht. Dúbhán geire iseadh bí aige, agus de smior lurgan fiadh a bí a ruaimneach déanta. Bí sé ansúd sa chistin 'na seasamh ar phortán gruca, ar bhuaic loca anaithe, agus é ag dúbhánacht. Uaireanta

is fiosa dagúm a tugaid sé amhos leis ar an nduúdán as an loc anainde. Uaireanta eile tugaid sé amhos cnámh mairtfeóla, nó cliabán caorach, nó cnapóg cáise. D'aithgeas 'na diaig san gur bácaid an buachaill boct sa loc anainde. Di nuo éigim trom aige 'á tabairt amhos ar an nduúdán, agus do sleamhnuig a cos de'n portán gruta, agus tuit sé isteach sa n-anairde agus do bácaid é, slán mar a n-innstear é! Do déimeaid tuireamh dó nár déimeaid a leithéid d'aonne roimis ná 'na diaig :—

"'Mac Eógan clú mairimid,' agus mar leanas.

